GA 2024

03

Tuarascáil speisialta

# An smacht reachta san Aontas

## Creat feabhsaithe chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ach tá rioscaí fós ann

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Clár


| | Alt |
|---|---|
| **Achoimre feidhmiúcháin** | **I-IX** |
| **Réamhrá** | **01-18** |
| **Is luach bunúsach coiteann san Aontas Eorpach é an smacht reachta** | **01-02** |
| **Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabail an smachta reachta san Aontas** | **03-05** |
| **Comhlíonadh phrionsabail an smachta reachta san Aontas a fhorfheidhmiú** | **06** |
| **Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar sháruithe ar an smacht reachta** | **07-14** |
| Rialachán maidir le Coinníollacht 2020 | **08-11** |
| Forálacha ciste-shonracha maidir leis an smacht reachta a chomhlíonadh: an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an beartas comhtháthaithe | **12** |
| An Rialachán Airgeadais | **13-14** |
| **Freagrachtaí maidir leis an smacht reachta a chosaint san Aontas** | **15-18** |
| An Coimisiún | **15** |
| An Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa | **16-17** |
| Na Ballstáit | **18** |
| **Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta** | **19-25** |
| **Barúlacha** | **26-97** |
| **Tá feabhas curtha ag an Rialachán maidir le Coinníollacht ar chreat an smachta reachta, ach tá rioscaí fós ann** | **26-33** |
| Leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, mar aon le forálacha sonracha RRF agus RFC, cuireadh feabhas ar chreat smachta reachta an Aontais | **27-30** |
| D'fhéadfadh gnéithe deartha áirithe den Rialachán maidir le Coinníollacht a bheith ina riosca dá chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach | **31-33** |

**Tá an Coimisiún fós ag forbairt na hacmhainneachta riaracháin is gá chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm** 34-43

Thosaigh an Coimisiún ag ullmhú treoirlínte in am trátha 35-37

Tá easpa soiléireachta sna treoirlínte ón gCoimisiún ann i gcás gnéithe áirithe 38-39

Ní mór don Choimisiún a acmhainneacht riaracháin a fhorbairt chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm go héifeachtach 40-43

**Shainaithin an Coimisiún dúshláin don smacht reachta ach ní dhearna sé measúnú agus doiciméadú córasach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu** 44-58

Sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit a shainaithint: is í an Tuarascáil bhliantúil ar an Smacht Reachta an fhoinse faisnéise is tábhachtaí 45-47

Ní raibh sé soiléir cén fáth agus cén uair a bhain an Coimisiún úsáid as foinsí eile 48-49

Ní dhearna an Coimisiún doiciméadú leordhóthanach ar a chur chuige 'céimnithe' nuair a bhí measúnú á dhéanamh aige ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige ar leasanna airgeadais an Aontais 50-55

Rinneadh athchóirithe neamhréitithe a chlúdaítear leis an Sásra Comhair agus Fíorúcháin a atosú faoi na hionstraimí reatha 56-58

**Ní raibh an cinneadh a rinne an Coimisiún ó thaobh úsáid a bhaint (nó gan úsáid a bhaint) as ionstraimí chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint bunaithe ar chritéir dhea-dhoiciméadaithe** 59-74

Tá ceann amháin ar a laghad de na trí ionstraim curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún le haghaidh gach ceann de na sé Bhallstát inár sampla 60-62

Tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a bhain leis an smacht reachta le garspriocanna faoi Rialachán RRF, cé nach raibh siad ag réiteach le chéile i gcónaí 63-67

Déanann an Coimisiún seiceáil ar choinníollacha cumasúcháin cothrománacha nuair a dhéantar cláir agus leasuithe ar chláir a fhormheas 68-72

Ní raibh an réasúnaíocht maidir le gan an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm sách soiléir ná doiciméadaithe go maith 73-74

**Bhí láimhseáil chás na hUngáire ag teacht leis an Rialachán maidir le Coinníollacht** 75-83

Bhí measúnú an Choimisiúin ag teacht leis na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán maidir le Coinníollacht 76-79

Ghlac an Chomhairle a cinneadh cur chun feidhme lena gcuirtear 55 % den chistiú ón Aontas do thrí chlár chomhtháthaithe ar fionraí laistigh den spriocdháta dlíthiúil 80-83

**Cé nach féidir measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart buiséadach agus feabhais ach ag céim níos déanaí, tá rioscaí fréimhíochta fós ann** 84-97

Sa ghearrthéarma, tá teorainn leis na hiarmhairtí buiséadacha a bheadh ann sa chás nach gcomhlíonfaí an smacht reachta 85-90

Ní féidir deireadh a chur leis na rioscaí do leasanna airgeadais an Aontais fiú nuair a chuirtear an Rialachán maidir le Coinníollacht i bhfeidhm 91-92

Tá rioscaí sonracha fós ann faoi Rialachán RRF agus faoi RFC i ndáil leis na coinníollacha le haghaidh íocaíochtaí 93-95

Níor chuir an Coimisiún tús go fóill lena mheastóireacht ar an Rialachán maidir le Coinníollacht, atá ceaptha a bheith déanta in Eanáir 2024 96-97

## Conclúidí agus moltaí 98-106

## Iarscríbhinní

**Iarscríbhinn I – Samplaí d’uirlisí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar staid an smachta reachta ag an mBanc Domhanda agus ag an Tionscadal Domhanda um Cheartas**

**Iarscríbhinn II – Príomhchéimeanna i gcur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht**

**Iarscríbhinn III – Tagarmharcanna an tSásra Comhair agus Fíorúcháin agus garspriocanna gaolmhara i RRPanna na Bulgáire agus na Rómáine**

**Iarscríbhinn IV – Rialachán na bhForálacha Coiteanna i gcás ocht gciste de chuid an Aontais**

**Iarscríbhinn V – Forléargas ar chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht le haghaidh na hUngáire**

## Giorrúcháin

## Gluais

## Freagraí ón gCoimisiún

## Amlíne

## An fhoireann iniúchóireachta

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** Tá an tAontas fothaithe ar shraith luachanna bunúsacha coiteanna atá leagtha síos in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear an smacht reachta. Leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear ar údaráis phoiblí sna Ballstáit a chuireann cistí an Aontais chun feidhme gníomhú i gcomhréir leis an dlí, agus nach mór don Aontas agus dá Bhallstáit gníomhú chun calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc.

**II** Tá staid an smachta reachta i roinnt Ballstát tar éis dul in olcas le deich mbliana anuas. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm don iniúchadh seo ná obair leantach a dhéanamh ar na bearta a rinne an Coimisiún trí úsáid a bhaint as na hionstraimí nua atá ar fáil dó chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta.

**III** I Nollaig 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta (an 'Rialachán maidir le Coinníollacht'). Tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021, agus ó shin i leith ní dhearnadh bearta buiséadacha faoin rialachán a chur i bhfeidhm ach aon uair amháin: i Nollaig 2022 i ndáil leis an Ungáir.

**IV** Rinneamar measúnú féachaint an raibh cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht ag an gCoimisiún iomchuí agus comhsheasmhach le sásraí eile atá ar fáil faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2021-2027 a mhéid a bhaineann leis an mbeartas comhtháthaithe. Rinneamar scrúdú ar shocruithe inmheánacha an Choimisiúin chun an rialachán a chur chun feidhme, agus na gníomhaíochtaí a rinne sé chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint faoi na trí ionstraim. Bhí sé Bhallstát inár sampla: an Bhulgáir, an Ghréig, an Iodáil, an Ungáir, an Pholainn agus an Rómáin.

**V** Thángamar ar an gconclúid gur feabhsú ar chreat an smachta reachta atá sa Rialachán maidir le Coinníollacht. Maidir leis an gcás aonair ina raibh bearta molta ag an gCoimisiún faoin Rialachán maidir le Coinníollacht ó tháinig sé i bhfeidhm (an Ungáir), thángamar ar an gconclúid freisin go raibh an togra ón gCoimisiún ag teacht leis an rialachán, go raibh sé bunaithe ar mheasúnú cothrom, agus go ndearna an moladh na hionstraimí buiséadacha eile faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus faoin mbeartas comhtháthaithe a chomhlánú. Mar sin féin, is deacair gnéithe

áirithe den rialachán a chur i bhfeidhm: go háirithe, an ceanglas chun nasc atá díreach go leor a bhunú idir sáruithe phrionsabail an smachta reachta agus leas airgeadais an Aontais. Thairis sin, mura gcomhlíonann an Ballstát ar cuireadh cistí an Aontais ar fionraí ina leith faighteoirí deiridh nó tairbhithe deiridh chláir an Aontais d'fhéadfadh sé go gcuirfí bac ar chuspóirí beartais an Aontais a bhaint mar thoradh gearrthéarmach. Is ar an mBallstát lena mbaineann, seachas ar an gCoimisiún a bheadh an fhreagracht sin ar deireadh. Ar deireadh, níl uirlisí cosanta ag gach mórchlár caiteachais an Aontais atá coibhéiseach leis na huirlisí atá leagtha amach faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna; mar shampla an Comhbheartas Talmhaíochta.

**VI** Tá bearta á ndéanamh ag an gCoimisiún, ó 2021, chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm (in éineacht le huirlisí eile atá ar fáil), ach thugamar faoi deara go raibh roinnt easnamh ann:

- Ní raibh an acmhainneacht riaracháin a bhí ag teastáil forbartha go hiomlán ag an gCoimisiún go fóill chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur chun feidhme ó thaobh na hacmhainní daonna iomchuí a leithdháileadh, ó thaobh córas cuimsitheach bainistithe cásanna TF a chur ar bun agus ó thaobh treoirlínte soiléire a shonrú.
- Ní dhearna an Coimisiún measúnú agus doiciméadú córasach ar an tionchar ar leasanna airgeadais an Aontais do gach Ballstát inar shainaithin sé dúshláin don smacht reachta.
- I gcás na Bulgáire agus na Rómáine, scoireadh den Sásra Comhair agus Fíorúcháin i Meán Fómhair 2023. Mar sin féin, ba ghá athchóirithe neamhréitithe a chlúdaítear leis a Sásra Comhair agus Fíorúcháin a atosú faoi na hionstraimí sin.
- I gcás na hUngáire, leag an Coimisiún amach a réasúnaíocht leis an Rialachán maidir le Coinníollacht a úsáid; níor thug sé réasúnaíocht den sórt sin, áfach, do chásanna ina raibh sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a d'fhéadfadh tarlú sainaitheanta aige i mBallstáit eile ach nár chuir sé bearta faoin Rialachán i bhfeidhm.

**VII** Faoi dheireadh Mheán Fómhair 2023, bhí tionchar ag bearta buiséadacha ar dhá Bhallstát inár sampla: an Ungáir agus an Pholainn, a bhféadfadh tionchar tuairim is €22 bhilliún agus €134 bhilliún, faoi seach, a bheith acu amach anseo. I gcás na hUngáire, cuirtear san áireamh san fhigiúr cinneadh an 13 Nollaig 2023 chun thart ar €10 mbilliún a dhíbhlocáil toisc gur mheas an Coimisiún go raibh an coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha comhlíonta ag

an Ungáir maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna. Ós rud é gur tháinig deireadh lenár n-obair iniúchóireachta allamuigh roimh an dáta sin, cuireadh an cinneadh sin san áireamh ach ní dhearnadh iniúchóireacht air. Baineann na méideanna sin den chuid is mó le gealltanais agus íocaíochtaí amach anseo, áfach, rud a chiallaíonn go raibh na torthaí buiséadacha iarbhír i bhfad níos teoranta sa ghearrthéarma.

**VIII** Cé nach féidir measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart buiséadach agus feabhais a rinneadh go dtí seo ach tráth níos faide anonn, shainaithníomar roinnt rioscaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint go mór óna n-éifeachtacht. Go háirithe, thugamar ar aire nach gá go bhfágfadh comhlíonadh foirmiúil na mbeart feabhais ag Ballstát go dtarlódh feabhsuithe éifeachtacha agus inbhuanaithe ar an láthair, ar feabhsuithe iad a théann thar ticeáil pointí i liosta amháin. Tá an baol ann freisin go ndéanfaí bearta den sórt sin a aisiompú ina dhiaidh sin, nó go dtiocfadh meath comhuaineach orthu ar bhealaí eile. Cé gur sa todhchaí amháin is féidir measúnú a dhéanamh ar na rioscaí sin, tugaimid ar aire go bhfuil oibleagáidí an Choimisiúin ó thaobh tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtacht an Rialacháin maidir le Coinníollacht teoranta dá mheastóireacht atá le déanamh in Eanáir 2024.

**IX** Molaimid gur cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an acmhainneacht riaracháin is gá a áirithiú chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm;
- an chaoi ar tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht a shainaithint, a mheasúnú agus a dhoiciméadú go córasach;
- faireachán a dhéanamh ar thionchar na mbeart a bhaineann leis an smacht reachta;
- a chinntiú gur ar fhianaise dhaingean a bhunófar aon togra chun deireadh a chur le bearta buiséadacha;
- tuairisciú ar bhonn bliantúil a thabhairt ar éifeachtacht na mbeart a rinneadh mar fhreagairt ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta; agus
- feabhas a chur ar chreat an smachta reachta nuair a bheidh tograí reachtacha á n-ullmhú amach anseo.

# Réamhrá

## Is luach bunúsach coiteann san Aontas Eorpach é an smacht reachta

**01** Tá an tAontas fothaithe ar shraith luachanna bunúsacha coiteanna. Tá na luachanna sin leagtha síos in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). A luaithe a thagann tír is iarrthóir chun bheith ina Ballstát, téann sí isteach i struchtúr dlíthiúil atá bunaithe ar an smaoineamh go bhfuil an tacar luachanna coiteanna sin ag na Ballstáit uile. Is éard atá i gceist leis sin ná go bhfuil muinín ag na Ballstáit as a chéile chun na luachanna sin a aithint agus cloí le forálacha dhlí an Aontais a chuireann chun feidhme iad. Tá an iontaoibh fhrithpháirteach sin bunriachtanach in Aontas atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit, ina n-aistrítear méideanna móra airgid chun tacú le hinfheistíochtaí sa chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach faoi bhuiséad an Aontais.

**02** Áirítear an smacht reachta ar na comhluachanna atá leagtha amach in Airteagal 2 CAE. Go háirithe, ceanglaítear leis an smacht reachta go mbeadh an reachtóireacht ina próiseas trédhearcach, cuntasach, daonlathach agus iolraíoch. Cuireann sé de cheangal freisin ar na cumhachtaí poiblí uile gníomhú laistigh de na srianta atá leagtha amach ag an dlí, i gcomhréir le luachanna an daonlathais agus le hurraim do chearta bunúsacha. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin nach mór do gach saoránach agus gnólacht tairbhiú de dheimhneacht dhlíthiúil, cosaint éifeachtach bhreithiúnach ag cúirteanna neamhspleácha agus neamhchlaonta, agus neamh-idirdhealú agus comhionannas faoin dlí.

## Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabail an smachta reachta san Aontas

**03** In 2013, mhol Parlaimint na hEorpa gur cheart measúnú rialta a dhéanamh ar na Ballstáit lena sheiceáil an bhfuil luachanna bunúsacha an Aontais agus ceanglais an daonlathais agus an smachta reachta á gcomhlíonadh i gcónaí acu[1]. Mar fhreagairt ar an moladh sin, thug an Coimisiún isteach creat ginearálta maidir leis an smacht reachta

[1] Rún ó Pharlaimint na hEorpa, 2012, Tuarascáil Rui Tavares 2013, Tuarascálacha Louis Michel agus Kinga Göncz in 2014.

in 2014[2]. Is é is aidhm don chreat sin ná aghaidh a thabhairt ar chásanna a mheastar a bheith ina mbagairt shistéamach ar an smacht reachta i mBallstát agus iad a réiteach.

**04** Le himeacht ama, tá athrú tagtha ar bhosca uirlisí an Choimisiúin maidir leis an smacht reachta agus ar an bhfaireachán a dhéanann sé ar staid an smachta reachta, go háirithe nuair a cuireadh timthriall bliantúil an smachta reachta ar bun in 2020, ar uirlis choisctheach é. Go dtí lár 2023, nuair a bhí an Sásra Comhair agus Fíorúcháin dúnta, bhí sé comhdhéanta de thrí phríomhuirlis faireacháin, agus dhá cheann acu sular bunaíodh bosca uirlisí 2014. Féach ***Bosca 1***.

### Bosca 1

### Uirlisí chun faireachán a dhéanamh ar an smacht reachta

Sa **Tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta**, scrúdaítear forbairtí ar fud na mBallstát i gceithre phríomhréimse: córais cheartais, creataí frith-éillithe, iolrachas sna meáin agus saoirse sna meáin, mar aon le saincheisteanna institiúideacha eile a bhaineann le srianta agus ceartúcháin. Tá caibidlí tíre sa tuarascáil, atá ag brath ar mheasúnú cáilíochtúil a dhéanann an Coimisiún agus a dhéanann anailís ar fhorbairtí nua ó bhí an tuarascáil roimhe sin ann. Tá ceithre thuarascáil eisithe ag an gCoimisiún ó 2020 i leith[3]. Bhí moltaí sonracha do na Ballstáit i dtuarascáil 2022; sin é an chéad uair a rinneadh é sin. Áirítear i dtuarascáil 2023 freisin moltaí agus measúnú ar chur chun feidhme na moltaí a rinneadh roimhe sin.

Seoladh **Scórchlár Ceartais an Aontais Eorpaigh** in 2013 agus déanann sé faireachán ar éifeachtacht chórais cheartais na mBallstát atá bunaithe ar thrí ghné: éifeachtúlacht (fad na n-imeachtaí Cúirte; líon na gcásanna réitithe i gcomparáid le líon na gcásanna atá ag teacht isteach – ar a dtugtar an ‘ráta imréitigh’; líon na gcásanna atá ar feitheamh), cáilíocht (inrochtaineacht, acmhainní daonna, digiteáil, buiséad, oiliúint), agus neamhspleáchas (braistint an neamhspleáchais bhreithiúnaigh; coimircí a bhaineann le neamhspleáchas struchtúrach, lena n-áirítear breithiúna; agus feidhmiú seirbhísí ionchúisimh). Cuireann sé sonraí ar fáil do Bhallstáit gach bliain chun cuidiú leo feabhas a chur ar éifeachtacht a gcóras ceartais náisiúnta[4].

---

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Creat nua AE chun an Smacht Reachta a neartú; COM/2014/0158 final.

[3] An Coimisiún Eorpach, Sásra an Smachta Reachta.

[4] Scórchlár Ceartais an Aontais Eorpaigh.

Tugadh an **Sásra Comhair agus Fíorúcháin** isteach mar bheart idirthréimhseach in 2007 le haontachas na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach. Ba é an cuspóir a bhí aige ná cabhrú leis an dá Bhallstát chun easnaimh ina gcórais bhreithiúnacha a leigheas, agus chun an t-éilliú agus (i gcás na Bulgáire) an choireacht eagraithe a chomhrac. Tugadh isteach tagarmharcanna sonracha trína ndearna an Coimisiún faireachán ar an staid sa dá Bhallstát sin. É beartaithe ar dtús ar feadh tréimhse suas go dtí trí bliana[5], dúnadh an sásra go foirmiúil i Meán Fómhair 2023[6]. Leantar den fhaireachán faoi na Tuarascálacha Bliantúla maidir leis an Smacht Reachta, mar atá i gcás na mBallstát uile.

**05** Chomh maith le huirlisí faireacháin an Aontais a luaitear thuas, cuireann roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha a ranguithe féin ar fáil maidir leis an smacht reachta i dtíortha ar fud an domhain, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais. Tugtar tuilleadh eolais in ***Iarscríbhinn I*** faoin gcaoi a ndéanann an Banc Domhanda agus an Tionscadal Domhanda um Cheartas measúnú agus rangú ar chomhlíonadh phrionsabal an smachta reachta i dtíortha éagsúla. I bhfoinse amháin, a raibh an Coimisiún ag brath uirthi sa tuarascáil is déanaí uaidh maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach[7], ba é sin Innéacs an Smachta Reachta atá ag an Tionscadal Domhanda um Cheartas. Cuirtear scór foriomlán 2022 i láthair i ***bhFíor 1***.

[5] Ionstraim Aontachais na Bulgáire agus na Rómáine, Airteagail 37 agus 38 den Phrótacal i dtaobh na gcoinníollacha agus na socruithe chun Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin a ligean isteach san Aontas Eorpach; IO L 157, 21.6.2005.

[6] Cinneadh (AE) 2023/1785 ón gCoimisiún lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/929/CE lena mbunaítear sásra um chomhar agus um fhíorú ar dhul chun cinn sa Bhulgáir; agus Cinneadh (AE) 2023/1786 ón gCoimisiún lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/928/CE lena mbunaítear sásra um chomhar agus um fhíorú an dul chun cinn sa Rómáin.

[7] An Coimisiún Eorpach, An tOchtú Tuarascáil maidir le Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach, lch. 219.

### Fíor 1 – Rangú na mBallstát ar an smacht reachta




*Foinse:* Tionscadal Domhanda um Cheartas – Innéacs an Smachta Reachta 2022, Scór foriomlán. Léiríonn scór foriomlán níos airde go bhfuil prionsabail an smachta reachta á chomhlíonadh ar leibhéal níos airde.

## Comhlíonadh phrionsabail an smachta reachta san Aontas a fhorfheidhmiú

**06** Tá dhá phríomhnós imeachta ann chun déileáil le sáruithe ar an smacht reachta sna Ballstáit: an nós imeachta um shárú faoi Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus, mar rogha dheireanach, an nós imeachta faoi Airteagal 7 CAE.

- Faoi Airteagal 258 CFAE, féadfaidh an Coimisiún imeachtaí um shárú a thionscnamh in aghaidh na mBallstát nach ndearna oibleagáidí faoi Chonarthaí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear sáruithe ar an smacht reachta.

- Le hAirteagal 7 CAE, a tugadh isteach le Conradh Amstardam in 1997, ligtear don Chomhairle a chinneadh go bhfuil baol ann go ndéanfaidh Ballstát sárú tromchúiseach ar na luachanna coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE. Tá dhá shásra chun luachanna an Aontais a chosaint leagtha amach san Airteagal sin; bearta coisctheacha más rud é go bhfuil baol soiléir ann go ndéanfar sárú, agus smachtbhannaí nuair a shuitear gur tharla sárú. D’fhéadfadh sé go n-áireofaí ar réimse na smachtbhannaí a d’fhéadfadh a bheith ann cearta vótála a chur ar fionraí sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach. Go dtí seo, seoladh an nós imeachta coisctheach faoi dhó: in 2017, ag an gCoimisiún i leith na Polainne[8], agus in 2018, ag Parlaimint na hEorpa i leith na hUngáire[9]. Níor vótáil an Chomhairle ar na tograí go fóill, agus tá toradh an dá nós imeachta fós ar feitheamh.

## Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar sháruithe ar an smacht reachta

**07** Is féidir le sáruithe ar an smacht reachta ag na Ballstáit díobháil a dhéanamh do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus do chosaint leasanna airgeadais an Aontais. D’fhéadfadh sáruithe den sórt sin difear a dhéanamh d’fheidhmiú cuí na n-údarás a chuireann buiséad an Aontais chun feidhme agus don rialú airgeadais, don fhaireachán agus don iniúchóireacht lena mbaineann, ach freisin don athbhreithniú breithiúnach éifeachtach ag cúirteanna neamhspleácha, do chosc

[8] An Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le cinneadh a dhéanamh i dtaca le baol soiléir a bheith ann go bhfuil sárú tromchúiseach déanta ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta COM/2017/0835, 20.12.2017.

[9] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2018, 2017/2131.

calaoise agus éillithe agus do smachtbhannaí calaoise agus éillithe nó cásanna eile d'iompar údarás atá ábhartha do bhainistíocht fhónta airgeadais[10] i gcás na gcistí.

## Rialachán maidir le Coinníollacht 2020

**08** In 2018, d'eisigh an Coimisiún togra le haghaidh rialachán chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar easnaimh sa smacht reachta sna Ballstáit[11]. Sa bhliain chéanna, d'eisíomar tuairim maidir leis an togra sin. Féach ***Bosca 2***.

### Bosca 2

### Tuairim ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtaca le togra 2018 ón gCoimisiún le haghaidh rialachán coinníollachta maidir leis an smacht reachta

Inár dtuairim in 2018[12] i dtaca leis an togra sin, ba dhíol sásaimh dúinn an tionscnamh reachtach agus d'aontaíomar le tuairim an Choimisiúin go bhféadfadh cinntí neamhdhleathacha agus treallacha ag údaráis phoiblí atá freagrach as cistí a bhainistiú agus as athbhreithniú breithiúnach dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais.

D'eisíomar cúig mholadh freisin, ar cuireadh ceithre cinn díobh chun feidhme sa Rialachán maidir le Coinníollacht a glacadh. Is é an moladh seo a leanas an ceann nár glacadh leis: ba cheart don Choimisiún, sula molfaidh sé bearta, measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí buiséadacha a d'fhéadfadh a bheith ag laghdú ar chistiú an Aontais do bhuiséad náisiúnta an Bhallstáit.

**09** I Nollaig 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta[13] (an 'Rialachán maidir le Coinníollacht'). Tá sé infheidhme amhail ón 1 Eanáir 2021.

---

[10] Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le Coinníollacht.

[11] Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit, COM(2018) 324.

[12] Tuairim 01/2018, mír 10.

[13] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, IO L 4331, 22.12.2020, lch. 1-10.

**10** Níl sé mar aidhm ag an Rialachán sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a réiteach, ach tá sé mar aidhm aige leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ina gcoinne. Tá feidhm aige maidir le buiséad iomlán an Aontais (i.e. gach ioncam agus caiteachas) chomh maith le leasanna airgeadais uile eile an Aontais, lena n-áirítear NextGenerationEU. Faoi choinníollacha sonracha, tugtar an deis rochtain na mBallstát ar chistiú ón Aontas a chur ar fionraí, a laghdú nó a shrianadh. Féach ***Bosca 3***.

**Bosca 3**

**Cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht**

Nuair atá bearta buiséadacha á moladh don Chomhairle i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta, ní mór don Choimisiún a léiriú go ndéanann siad difear, nó go bhfuil baol mór ann go ndéanfaidís difear, do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach sách díreach.

Ní mór do na bearta buiséadacha atá beartaithe a bheith comhréireach le nádúr, fad, tromchúis agus scóip na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta. A mhéid is féidir, ní mór dóibh díriú freisin ar ghníomhaíochtaí an Aontais ar ar chuir na sáruithe isteach. Cuireann an rialachán de cheangal ar an gCoimisiún freisin measúnú a dhéanamh féachaint an ndéanfadh nósanna imeachta eile leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach níos fearr.

Ar deireadh, féadfaidh an Chomhairle an togra ón gCoimisiún a ghlacadh, fara leasuithe nó gan leasuithe, agus bearta buiséadacha a fhorchur i gcoinne an Bhallstáit lena mbaineann trí thromlach cáilithe. Is i bhfoirm cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a dhéanfar é sin.

Faoin vótáil trí thromlach cáilithe, tá vóta i bhfabhar ó 55 % ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle ag teastáil (sa chleachtas, 15 as 27 mBallstát) a sheasann do 65 % ar a laghad de dhaonra an Aontais.

**11** Tá achoimre in ***Iarscríbhinn II*** ar na príomhchéimeanna i gcur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht.

## Forálacha ciste-shonracha maidir leis an smacht reachta a chomhlíonadh: an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an beartas comhtháthaithe

**12** Maidir leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)[14] ná Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC)[15], lena rialaítear ceithre chiste an bheartais comhtháthaithe, ciste iascaigh amháin agus trí chiste gnóthaí baile, níor cruthaíodh go sonrach iad chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar an smacht reachta sna Ballstáit. Mar sin féin, áirítear sa dá ionstraim uirlisí is féidir a úsáid chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar sháruithe den sórt sin, ach ar bhealaí éagsúla.

- Maidir le RRF, ní mór don Choimisiún a chinntiú go dtabharfaidh pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (RRPanna) na mBallstát aghaidh go héifeachtach ar fhothacar suntasach de mholtaí tírshonracha agus ar roinnt dúshlán eile a shainaithnítear i ndoiciméid ábhartha eile a ndéanann an Coimisiún iad a ghlacadh go hoifigiúil faoi nós imeachta an tSeimeastair Eorpaigh. D’fhéadfadh sé go bhfágfadh moltaí tírshonracha agus dúshláin eile den sórt sin go mbeadh garspriocanna agus spriocanna RRP d’athchóirithe nó infheistíochtaí ann arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an smacht reachta i mBallstát (garspriocanna a bhaineann leis an smacht reachta). Ina theannta sin, agus measúnú á dhéanamh ar na RRPanna náisiúnta, ceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil socruithe leormhaithe ag na Ballstáit chun calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú nuair a bhíonn cistí RRF á n-úsáid acu. Dála gach ciste eile de chuid an Aontais, ní mór cistí RRF a chur chun feidhme freisin i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht[16].

- Déanann Rialachán na bhForálacha Coiteanna ceithre réamhriachtanas ghinearálta nó ‘coinníollacha cumasúcháin cothrománacha’ a fhorchur, a bhfágann ceann acu go bhfuil cistiú AE ag brath chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme éifeachtach na Cairte um Chearta Bunúsacha. Ceann de na cearta sin, agus gné lárnach den smacht reachta, is ea an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil ó chúirt neamhspleách agus neamhchlaonta[17].

---

[14] Rialachán (AE) 2021/241.

[15] Rialachán (AE) 2021/1060.

[16] Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/241 maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

[17] Airteagal 47, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## An Rialachán Airgeadais

**13** Tá na rialacha ginearálta is infheidhme maidir le buiséad an Aontais sa Rialachán Airgeadais[18]. Cé nach é an príomhchuspóir atá aige aghaidh a thabhairt ar an tionchar airgeadais a bhíonn ag sáruithe ar an smacht reachta sna Ballstáit, is féidir leis an gCoimisiún cuid de na nósanna imeachta atá leagtha amach roimh ré aige a úsáid chun dul i ngleic le cásanna áirithe a d'fhéadfadh eascairt as sáruithe ar an smacht reachta, amhail neamhrialtachtaí, calaois agus coinbhleachtaí leasa. Mar shampla, féadfaidh an Coimisiún cosc a chur ar eintitis gealltanais dhlíthiúla a shíniú amach anseo bunaithe ar an gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES), nó conarthaí nó comhaontuithe deontais a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

**14** Le blianta beaga anuas, rinneamar iniúchóireacht ar an úsáid a bhaineann an Coimisiún agus na Ballstáit as uirlisí, amhail EDES agus ARACHNE[19], chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar chontrapháirtithe neamhiontaofa amhail iad siúd a bhfuil baint acu le calaois nó éilliú. I dtuarascáil a foilsíodh in 2022[20], thángthas ar an gconclúid nár úsáideadh dúliostú faoi EDES go héifeachtach, agus mholamar gur cheart an úsáid a bhaintear as dúliostú a dhéanamh éigeantach sa bhainistíocht chomhroinnte. In iniúchadh a rinneadh le déanaí maidir le cosc a chur ar choinbhleachtaí leasa i gcaiteachas comhtháthaithe agus talmhaíochta an Aontais[21], shainaithníomar bearnaí sna bearta atá i bhfeidhm chun coinbhleachtaí leasa a bhrath, a réiteach agus a thuairisciú.

---

[18] Rialachán (AE) 2018/1046.

[19] Réamhrá an Choimisiúin maidir le huirlis scórála riosca ARACHNE.

[20] Tuarascáil speisialta 11/2022:: 'Buiséad an Aontais a chosaint – Is gá úsáid níos fearr a bhaint as dúliostú'

[21] Tuarascáil speisialta 06/2023:: 'Coinbhleacht leasa i gcaiteachas comhtháthaithe agus talmhaíochta an Aontais – Tá creat i bhfeidhm, ach tá bearnaí sna bearta trédhearcachta agus braite'

## Freagrachtaí maidir leis an smacht reachta a chosaint san Aontas

### An Coimisiún

**15** Ina cháil mar chaomhnóir ar chonarthaí an Aontais, tá an Coimisiún freagrach as sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar dhlí an Aontais a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Déanann an Coimisiún faireachán ar an smacht reachta sna Ballstáit, déanann sé sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, agus molann sé bearta chun aghaidh a thabhairt orthu trí na nósanna imeachta éagsúla atá ar fáil dó. Tá an Coimisiún freagrach as buiséad an Aontais a bhainistiú agus ní mór dó cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin Airgeadais agus na bhforálacha ciste-shonracha a áirithiú chun buiséad an Aontais a chosaint in aghaidh gach riosca, lena n-áirítear na rioscaí sin a eascraíonn as sáruithe ar an smacht reachta sna Ballstáit. Ar deireadh, is féidir leis an gCoimisiún imeachtaí a thionscnamh faoi Airteagal 7 CAE.

### An Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa

**16** Tá ról lárnach ag an gComhairle maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar sháruithe ar an smacht reachta toisc go bhfuil sé de chumhacht aici cinntí atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh do gach beart faoi Airteagal 7 CAE agus faoin Rialachán maidir le Coinníollacht. Déanann an Chomhairle gach RRP faoi Rialachán RRF a fhormheas freisin, lena n-áirítear na garspriocanna, na spriocanna agus na gníomhaíochtaí sin lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach leis an smacht reachta.

**17** Is féidir le Parlaimint na hEorpa imeachtaí a thionscnamh faoi Airteagal 7 CAE agus tá cearta áirithe aici chun a bheith curtha ar an eolas ag an gCoimisiún faoi bhearta éagsúla a mholtar agus a dhéantar faoin Rialachán maidir le Coinníollacht. Féadfaidh sí aghaidh a thabhairt freisin ar ábhair a bhaineann leis an smacht reachta sa nós imeachta bliantúil um urscaoileadh. Níl aon chumhacht cinnteoireachta aici, áfach.

## Na Ballstáit

**18** Ar an gcéad ásc, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht as comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as conarthaí an Aontais, lena n-áirítear urraim don smacht reachta[22]. Is iad na riaracháin náisiúnta na príomhchomhlachtaí atá freagrach as an mbeartas comhtháthaithe agus RRF a chur chun feidhme. Tríd is tríd, is iadsan a dhéanann bearta atá cistithe ag an Aontas a chur chun feidhme agus a dhéanann meastóireacht orthu. Áirítear leis an bpróiseas sin tionscadail a roghnú, deontais agus conarthaí poiblí a dhámhachtain, agus iniúchtaí comhlíontachta a dhéanamh. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann leis an mbeartas comhtháthaithe agus le RRF, tá dearbhú an Choimisiúin maidir le cistí an Aontais a chaitheamh go dlíthiúil agus go rialta agus maidir le feidhmíocht fothaithe go príomha ar rialuithe agus iniúchtaí éifeachtacha ag na Ballstáit. Faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, molann an Coimisiún bearta buiséadacha agus glacann an Chomhairle iad. Mar sin féin, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht as bearta a mholadh agus a chur chun feidhme chun sáruithe ar an smacht reachta a leigheas, agus – ar an gcaoi sin – deireadh a chur leis na rioscaí do leasanna airgeadais an Aontais.

[22] Airteagal 4(3) CAE.

# Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

**19** Léiríonn táscairí éagsúla go bhfuil meath tagtha ar staid an smachta reachta i roinnt Ballstát le deich mbliana anuas (féach ***Iarscríbhinn I***). Dá bhrí sin, chinneamar an t-iniúchadh seo a dhéanamh, cúpla bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht, chun measúnú a dhéanamh ar an úsáid tosaigh a bhain an Coimisiún as na hionstraimí nua atá ar fáil dó chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta. Déanann an t-iniúchadh obair leantach freisin ar ár dtuairim ó 2018 inar luamar gur díol sásaimh dúinn an chéad togra reachtach ón gCoimisiún ar an ábhar sin. Táimid ag súil go gcuideoidh ár dtuarascáil leis an gCoimisiún an úsáid is fearr a bhaint as na hionstraimí nua faoi dheireadh thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) reatha (2021-2027).

**20** Inár n-iniúchadh, rinneadh measúnú féachaint an raibh cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht ag an gCoimisiún iomchuí agus comhsheasmhach le huirlisí eile atá ar fáil faoi RRF agus faoin mbeartas comhtháthaithe chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail ar an smacht reachta. Go sonrach, bhí an méid seo a leanas á scrúdú againn:

- an raibh Rialacháin maidir le Coinníollacht ina chomhlánú éifeachtach ar na huirlisí eile chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint faoi RRF agus faoin mbeartas comhtháthaithe;
- an raibh bearta éifeachtúla agus tráthúla déanta ag an gCoimisiún chun an Rialachán maidir le coinníollacht a chur i bhfeidhm;
- an raibh na nósanna imeachta a chuir an Coimisiún i bhfeidhm éifeachtach maidir le sáruithe na bprionsabal ar an smacht reachta sna Ballstáit a shainaithint, agus maidir le measúnú córasach a dhéanamh ar a dtionchar ar leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach oibiachtúil, neamhchlaonta agus cothrom;
- an raibh comhordú cuí déanta ag an gCoimisiún ar an úsáid a bhain sé as na hionstraimí éagsúla a bhí ar fáil chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus ar chuir sé i bhfeidhm iad ar bhealach comhsheasmhach;
- sular mhol sé bearta buiséadacha, an ndearna an Coimisiún measúnú ar oiriúnacht agus comhréireacht na mbeart buiséadach chun na rioscaí sainaitheanta do leasanna airgeadais an Aontais a mhaolú; agus

- an raibh na gníomhaíochtaí ba ghá déanta ag an gCoimisiún le bheith in ann measúnú a dhéanamh féachaint an gcosnódh na bearta feabhais a bheadh le déanamh ag na Ballstáit leasanna airgeadais an Aontais go héifeachtach ar sháruithe sainaitheanta ar phrionsabail ar an smacht reachta.

**21** Chlúdaigh an t-iniúchadh an tréimhse ó thabhairt i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht in Eanáir 2021 go dtí Nollaig 2023.

**22** Mar chuid den iniúchadh, rinneamar scrúdú ar na nithe seo a leanas de chuid an Choimisiúin:

- socruithe inmheánacha chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a fhorfheidhmiú;
- gníomhaíochtaí chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint tríd an Rialachán maidir le Coinníollacht,  trí Rialachán RRF agus trí RFC 2021-2027 lena gclúdaítear cistí an bheartais comhtháthaithe (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste um Aistriú Cóir).

**23** Dhíríomar ár n-obair iniúchóireachta ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin do shampla de shé Bhallstát. Áiríodh sa sampla na tíortha sin ar osclaíodh nósanna imeachta faoi Airteagal 7 CAE (an Pholainn agus an Ungáir) agus faoin Rialachán maidir le Coinníollacht (an Ungáir) ina leith agus na tíortha sin a tháinig faoin Sásra Comhair agus Fíorúcháin (an Rómáin agus an Bhulgáir). Áiríodh ann freisin an Ghréig agus an Iodáil (bunaithe ar dhúshláin a sainaithníodh maidir leis an smacht reachta (féach ***Iarscríbhinn I***), ar chothromaíocht gheografach agus ar ábharthacht).

**24** Rinneamar athbhreithniú deisce ar an bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí agus ar dhoiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin a bhaineann lena ghníomhaíochtaí faoin Rialachán maidir le Coinníollacht agus leis an úsáid a bhaineann sé as uirlisí cosanta eile faoi RRF agus faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna atá ábhartha don smacht reachta. Bhí agallaimh againn freisin le hoifigigh ó ranna ábhartha an Choimisiúin.

**25** Níor chlúdaigh an t-iniúchadh seo cur chun feidhme RRF ná na cistí atá clúdaithe ag Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Ní dhearnamar aon obair iniúchóireachta sna Ballstáit sin chun scrúdú díreach a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann siad an smacht reachta. Ós rud é gur tháinig deireadh lenár n-obair allamuigh iniúchóireachta sular chinn an Coimisiún, an 13 Nollaig 2023, go raibh coinníollacha cumasúcháin cothrománacha áirithe bainte amach go páirteach ag an Ungáir, cuireadh an cinneadh sin san áireamh ach ní dhearnadh iniúchóireacht air. Ní dhearnamar measúnú ach an oiread féachaint an raibh na bearta buiséadacha agus feabhais atá forchurtha faoin Rialachán maidir le Coinníollacht éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a shainaithin an Coimisiún i dtaca le prionsabail an smachta reachta.

# Barúlacha

## Tá feabhas curtha ag an Rialachán maidir le Coinníollacht ar chreat an smachta reachta, ach tá rioscaí fós ann

**26** Rinneamar measúnú ar a mhéid a rinne an Rialachán maidir le Coinníollacht na hionstraimí eile a chomhlánú go héifeachtach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun bainistíocht fhónta airgeadais chistí an Aontais faoi RRF agus faoin mbeartas comhtháthaithe a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, rinneamar scrúdú ar na forálacha dlíthiúla sna rialacháin faoi na trí ionstraim ar fad agus na teorainneacha a d'fhéadfadh a bheith leo.

### Leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, mar aon le forálacha sonracha RRF agus RFC, cuireadh feabhas ar chreat smachta reachta an Aontais

**27** Le teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht in Eanáir 2021, cuireadh ionstraim ar fáil don Choimisiún a bhí dírithe go sonrach ar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta, agus bhí sí dírithe freisin ar bhainistiú fónta airgeadais chistí an Aontais a áirithiú, a bhfuil an Coimisiún freagrach faoi dheoidh astu faoin nós imeachta bliantúil um urscaoileadh. Mar a cuireadh in iúl cheana inár dtuairim, tugann an sásra a glacadh ról níos mó don Choimisiún agus tá sé níos dírí agus níos teoranta ó thaobh ama de i gcomparáid leis an sásra faoi Airteagal 7 CAE.

**28** Liostaítear sa Rialachán maidir le Coinníollacht cásanna a thugann le tuiscint go bhfuil sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta ann, chomh maith leis na cineálacha staide nach mór baint a bheith ag aon sárú den sórt sin leo ionas go mbeidh feidhm ag an rialachán. Ina theannta sin, cuireann sé ar chumas an Choimisiúin gníomhú ar bhealach coisctheach, sula ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais, rud a sholáthraíonn bunús dlí agus nós imeachta soiléir. I ndáil leis an méid sin, rannchuidíonn an Rialachán maidir le Coinníollacht le creat feabhsaithe chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta, de bhrí nach bhfuil sé faoi réir na dteorainneacha céanna agus atá ionstraimí eile nach bhfuil dírithe go príomha ar chosaint a thabhairt i gcoinne sáruithe den sórt sin. Clúdaítear dhá cheann de na hionstraimí sin sa tuarascáil seo: Rialachán RRF agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

**29** Ar an iomlán, is é an toradh atá ar an tacar ionstraimí – lena gcuimsítear an Rialachán maidir le Coinníollacht, garspriocanna agus spriocanna a bhaineann leis an smacht reachta faoi Rialachán RRF agus an coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha faoi RFC – ná go bhfuil creat níos iomláine ann chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta i dtréimhse 2021-2027. Mar sin féin, cé go gclúdaítear cistí uile an Aontais leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, níl feidhm ag na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha ach amháin maidir leis na hocht gciste a luadh. Ní chlúdaítear cistí eile an Aontais leo, amhail an Comhbheartas Talmhaíochta.

**30** Ar deireadh, i gcás aon bheart buiséadacha a bheidh molta ag an gCoimisiún faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, glacfaidh an Chomhairle iad le tromlach cáilithe nó diúltóidh sí dóibh. Léiríonn sé sin an fhreagracht chomhpháirteach atá ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ar fad as leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar thionchair dhiúltacha na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta (féach mír ***18***).

## D'fhéadfadh gnéithe deartha áirithe den Rialachán maidir le Coinníollacht a bheith ina riosca dá chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach

**Ní shonraítear sa Rialachán maidir le Coinníollacht cad is nasc sách díreach idir sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta agus leasanna airgeadais an Aontais ann**

**31** Is gné thábhachtach é an ceanglas go mbeadh sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát ag déanamh difir do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais 'ar bhealach chomh díreach sin agus gur leor é le difear a dhéanamh', nó go mbeadh baol mór ann go ndéanfaidís difear dóibh, agus tá na forálacha críochnaitheacha sa Rialachán maidir le Coinníollacht éagsúil leis an togra ar a bhfuil ár dtuairim bunaithe againn[23]. Ós rud é nach bhfuil critéir mhionsonraithe sa Rialachán chun measúnú a dhéanamh ar nasc den sórt sin agus a shuíomh go bhfuil sé ann, d'fhág an modhnú sin go bhfuil a chur i bhfeidhm níos sriantaí agus níos deacra ná mar a bhí beartaithe ar dtús.

**Sa ghearrthéarma, d'fhéadfadh blocáil chistí an Aontais bac a chur ar bhaint amach chuspóirí beartais an Aontais**

**32** Áirítear ar na bearta buiséadacha atá leagtha amach sa Rialachán maidir le Coinníollacht na gealltanais agus íocaíochtaí a chur ar fionraí agus an toirmeasc ar

---

[23] Tuairim 01/2018.

ghealltanais dhlíthiúla, iasachtaí nó ionstraimí nua eile a dhéanamh. Soiléirítear leis an Rialachán nach bhfuil an Ballstát, faoi na bearta buiséadacha, díolmhaithe óna oibleagáidí i leith faighteoirí nó tairbhithe deiridh faoin gclár comhfhreagrach. Maidir le bainistíocht chomhroinnte, ní mór don Bhallstát tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a gcomhlíonann sé a oibleagáidí i leith faighteoirí nó tairbhithe deiridh.

**33** I ndeireadh na dála, is iad na Ballstáit atá freagrach as an smacht reachta agus a n-oibleagáidí dlíthiúla atá ann cheana féin a chomhlíonadh. Ní féidir leis an gCoimisiún freagracht a ghlacadh as sin. Mar sin féin, iarmhairt ghearrthéarmach a d'fhéadfadh a bheith i gceist le bearta buiséadacha den sórt sin is ea go bhféadfadh sé nach mbeadh an acmhainneacht airgeadais nó dlíthiúil ag údaráis náisiúnta chun cláir a chur chun feidhme ar an mbealach céanna agus a bheadh dá mba rud é go raibh tacaíocht ón Aontas acu. Mura gcomhlíonfaidh an Ballstát a oibleagáidí, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar chuspóirí an Aontais a bhaint amach, amhail comhtháthú sóisialta agus críochach agus forbairt ghairmiúil agus phearsanta daoine san oideachas, agus d'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith aige sin ar shaoránaigh an Aontais sa ghearrthéarma. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh mic léinn in ann páirt a ghlacadh i gclár malartaithe Erasmus+.

## Tá an Coimisiún fós ag forbairt na hacmhainneachta riaracháin is gá chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm

**34** Rinneamar scrúdú ar na bearta a rinne an Coimisiún chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm. Go sonrach, bhreathnaíomar ar an gcaoi a raibh treoirlínte forbartha ag an gCoimisiún chun sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a shainaithint agus chun measúnú a dhéanamh orthu, agus féachaint an ndearna sé amhlaidh go tráthúil. Seachas na gnéithe nós imeachta, rinneamar measúnú freisin féachaint an raibh acmhainní daonna iomchuí leithdháilte, agus ar cuireadh córas bainistithe cásanna éifeachtach in úsáid chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

### Thosaigh an Coimisiún ag ullmhú treoirlínte in am trátha

**35** Chuir an Coimisiún tús le hobair inmheánach ar an Rialachán maidir le Coinníollacht a oibríochtú ag tús 2021. Bhí an chéad dréacht de na treoirlínte oifigiúla, a foilsíodh an 18 Márta 2022[24], réidh i Márta 2021. Trína threoirlínte a fhoilsiú, tar éis

[24] Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Coinníollachta, 2022/C 123/02.

bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i bhFeabhra 2022[25], chuir an Coimisiún gach geallsealbhóir ar an eolas faoin gcaoi a gcuirfeadh sé an Rialachán maidir le Coinníollacht i bhfeidhm ar bhealach oibiachtúil, cothrom, neamhchlaonta agus bunaithe ar fhíricí, lena n-áirithítear próis chuí, neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann na mBallstát. Ba cheanglas é foilsiú na dtreoirlínte sin chun go mbeadh comhaontú polaitiúil ann idir na Ballstáit i dtaca le glacadh an Rialacháin maidir le Coinníollacht[26].

**36** D'ullmhaigh an Coimisiún freisin tacar treoracha inmheánacha do dhaoine den fhoireann (na 'nótaí treorach inmheánacha') ina bhfuil doiciméid éagsúla, amhail nóta modheolaíochta, seicliosta cruthaithe cásanna, cairteacha sreafa oibre/cás-saolré agus rialacha nós imeachta inmheánacha chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm. Bhí an chéad leagan réidh i Nollaig 2021 agus nuashonraítear é go rialta, an ceann is déanaí (le linn na tréimhse a chlúdaítear leis an iniúchadh seo) i mBealtaine 2022.

**37** Clúdaíonn na treoirlínte foilsithe agus na nótaí treorach inmheánacha, le chéile, na céimeanna nós imeachta is gá go léir (féach ***Iarscríbhinn II***), agus cuid acu níos mionsonraithe ná a chéile. Comhlíonann siad buncheanglais an Rialacháin maidir le Coinníollacht sa mhéid is go dtugann siad treoir d'fhoireann an Choimisiúin maidir le conas measúnú cáilíochtúil críochnúil a dhéanamh ar bhealach oibiachtúil, neamhchlaonta agus cothrom. Sonraítear iontu freisin na foinsí faisnéise a d'fhéadfadh a bheith ann chun sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit a shainaithint, ag tógáil ar an liosta táscach a leagtar amach sa Rialachán[27]. Mar sin féin, de réir na nótaí treorach inmheánacha, rachfar i muinín na bhfoinsí faisnéise sin ar bhonn cás ar chás, seachas go córasach i gcás na mBallstát uile.

## Tá easpa soiléireachta sna treoirlínte ón gCoimisiún ann i gcás gnéithe áirithe

**38** Ar an iomlán, measaimid nach dtugtar dóthain mionsonraí sna nótaí treorach inmheánacha agus sna treoirlínte foilsithe, i dteannta a chéile, chun foireann an

[25] Breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *An Ungáir v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh,* C-156/21, EU:C:2022:97 agus breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh,* C-157/21, AE:C:2022:98.

[26] Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 10-11 Nollaig 2020, I.2.(b) agus (c).

[27] Aithris 16 den Rialachán maidir le Coinníollacht.

Choimisiúin a threorú i réimsí áirithe. Go sonrach, ní chlúdaíonn siad príomhghnéithe áirithe ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach agus éifeachtach an Rialacháin maidir le Coinníollacht a áirithiú ar fud na mBallstát go léir; agus maidir le gach cás a bhféadfadh sé a bheith infheidhme maidir leo:

- Ní chuireann siad comhairle leordhóthanach ar fáil maidir le conas measúnú a dhéanamh ar nasc sách díreach a bheith ann idir sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta agus rioscaí do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais. Aithnítear sna treoirlínte foilsithe gur cheart go mbeadh an nasc 'dílis' nó 'fíor'[28]. Ní luaitear sna nótaí treorach inmheánacha ach go bhféadfar a thoimhdiú go bhfuil nasc sách díreach den sórt sin ann i gcás ina ndearna cásanna nó iompar comhchosúil difear do bhuiséad an Aontais san am atá thart. Ní chuireann siad treoraíocht leordhóthanach ar fáil ach oiread maidir leis an gcineál bagairtí ar neamhspleáchas na breithiúnachta a d'fhéadfadh a bheith ina nasc sách díreach.

- Ní shonraítear go leormhaith conas a dhéanfaidh an Coimisiún cur chuige réamhghníomhach a áirithiú nuair atá measúnú á dhéanamh aige ar chásanna faoin Rialachán maidir le Coinníollacht.

- Níl comhairle leordhóthanach iontu maidir leis an gcaoi ar féidir an tacar teoranta de bhearta buiséadacha a d'fhéadfadh a bheith ann a úsáid faoin Rialachán maidir le Coinníollacht chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta ag a bhfuil nasc sách díreach le rioscaí d'acmhainní dílse an Aontais amhail ioncam ó CBL agus dleachtanna custaim.

- Is beag faisnéis atá iontu faoin gcaoi ar féidir measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart buiséadach agus feabhais.

**39** A mhéid a bhaineann le comhlántacht le hionstraimí eile, tugtar sna treoirlínte a foilsíodh agus sna nótaí treorach inmheánacha araon roinnt treoracha maidir le conas údar a thabhairt le húsáid an Rialacháin maidir le Coinníollacht i ndáil le hionstraimí eile, amhail na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil le Rialachán RRF agus le Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Mar sin féin, ní chlúdaítear leo gnéithe bunriachtanacha amhail scóip a gcur i bhfeidhm, bearta a d'fhéadfadh a bheith ann, ná an nós imeachta atá le leanúint don ghlacadh. Ós rud é nach bhfuil treoraíocht mhionsonraithe maidir leis na hábhair sin ann, d'fhéadfadh sé go gcuirfí bac ar an gCoimisiún na hionstraimí go léir atá ar fáil a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus fágann sé go bhfuil sé

[28] Mír 33 de na Treoirlínte.

deacair údar cuí a thabhairt leis an gcinneadh ionstraim shonrach amháin nó ionstraimí éagsúla a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin áirithe.

## Ní mór don Choimisiún a acmhainneacht riaracháin a fhorbairt chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm go héifeachtach

**40** Laistigh den Choimisiún, is ar Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid (AS BUDG) atá an fhreagracht as an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur chun feidhme. Faoi Fheabhra 2023, bhí deichniúr leithdháilte go díreach agus go buan ag an gCoimisiún ar chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht in AS BUDG. Measann an Coimisiún go bhfuil an deichniúr sin coibhéiseach le cúigear den fhoireann lánaimseartha mar gheall ar a bhfreagrachtaí eile. Ina theannta sin, rannchuidíonn daoine eile den fhoireann i ranna eile de chuid an Choimisiúin go hindíreach leis an obair sin de réir mar is gá.

**41** Ní dhearna an Coimisiún aon réamh-mheasúnú ar an líon daoine atá ag teastáil chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm. Thugamar faoi deara gur chosúil nár leordhóthanach an líon daoine den fhoireann atá ann faoi láthair chun mionscrúdú a dhéanamh ar staid an smachta reachta ar fud na 27 mBallstát, nó chun an obair leantach is gá a dhéanamh.

**42** Thairis sin, chun go gcuirtear an Rialachán maidir le Coinníollacht i bhfeidhm go trédhearcach agus go comhsheasmhach maidir leis na Ballstáit go léir, tá córas éifeachtach bainistithe cásanna TF ag teastáil chun na gníomhaíochtaí a dhéantar a bhainistiú agus a dhoiciméadú. Le córas den sórt sin, ba cheart go mbeadh sé indéanta an fhaisnéis a fhaightear a dhoiciméadú, rochtain ar an bhfaisnéis sin a rialú, gníomhaíochtaí a dhéanamh go leictreonach, agus formhaoirseacht inmheánach agus sheachtrach ag na húdaráis inniúla (an Chúirt Bhreithiúnais, an tOmbudsman Eorpach agus an Chúirt Iniúchóirí) a chumasú ar bhealach córasach.

**43** Thosaigh an Coimisiún ar na sonraíochtaí teicniúla a leagan amach in 2021 d'fhonn córas bainistithe cásanna atá ann cheana a oiriúnú chun doiciméid a bhaineann le bainistiú an nós imeachta atá leagtha síos sa Rialachán maidir le Coinníollacht a thaifeadadh. Ag tráth ár n-oibre iniúchóireachta allamuigh, áfach, ní raibh an córas ('CASE@EC for RoLC') in ann ach doiciméid a thaifeadadh agus ní dhearna sé an obair laethúil agus an sreabhadh cinnteoireachta a bhaineann leis an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm a éascú go fóill. Fágann sé sin go bhfuil sé níos deacra an Rialachán a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtúil. Ar deireadh, ní raibh sé beartaithe go mbeadh an córas i mbun feidhmíochta go hiomlán roimh fhómhar 2023.

## Shainaithin an Coimisiún dúshláin don smacht reachta ach ní dhearna sé measúnú agus doiciméadú córasach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu

**44** Rinneamar scrúdú féachaint an raibh na foinsí faisnéise a úsáideadh agus na nósanna imeachta a chuir an Coimisiún i bhfeidhm éifeachtach maidir le sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i ngach Ballstát a shainaithint, agus an ndéanann sé measúnú comhsheasmhach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar leasanna airgeadais an Aontais. Is próiseas leanúnach é seo atá le cur i gcrích go córasach do gach Ballstát.

### Sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit a shainaithint: is í an Tuarascáil bhliantúil ar an Smacht Reachta an fhoinse faisnéise is tábhachtaí

**45** D'fhoilsigh an Coimisiún a chéad Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta i Meán Fómhair 2020, díreach sular glacadh an Rialachán maidir le Coinníollacht. Ó shin i leith, eisíodh trí eagrán eile: in Iúil 2021, in Iúil 2022 agus in Iúil 2023. Tá na tuarascálacha bunaithe ar fhoinsí éagsúla. Ó 2022 i leith, áirítear sna tuarascálacha moltaí a díríodh chuig na Ballstáit. Ó 2023 i leith, meastar sna tuarascálacha freisin a mhéid a cuireadh na moltaí chun feidhme. Rinne CIE athbhreithniú ar thuairisciú bliantúil an Choimisiúin ar an smacht reachta agus foilseofar an t-athbhreithniú i dtuarascáil ar leithligh[29].

**46** Go dtí seo, is í an Tuarascáil bhliantúil ar an Smacht Reachta an fhoinse faisnéise is tábhachtaí atá in úsáid ag an gCoimisiún chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm. Cuirtear i láthair sa tuarascáil bhliantúil seo, ina caibidlí tíre, na dúshláin a bhaineann leis an smacht reachta do gach ceann de na 27 mBallstát. Ullmhaíonn an Coimisiún na tuarascálacha sin bunaithe ar idirphlé leanúnach leis na Ballstáit agus tá sé ag brath ar fhoinsí éagsúla breise[30], lena n-áirítear iad siúd a luaitear sa Rialachán maidir le Coinníollacht.

**47** De réir na faisnéise ón gCoimisiún, fuair sé tuairim is 250 aighneacht chothrománach agus thírshonrach do thuarascáil 2023 ó rannchuiditheoirí éagsúla, lena n-áirítear gníomhaireachtaí an Aontais, líonraí Eorpacha, eagraíochtaí náisiúnta

---

[29] Athbhreithniú 02/2024: Tuairisciú ar an smacht reachta ón gCoimisiún

[30] An Coimisiún Eorpach, Modheolaíocht chun an Tuarascáil bhliantúil ar an Smacht Reachta a ullmhú.

agus Eorpacha na sochaí sibhialta agus comhlachais ghairmiúla, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus Eorpacha. D'eagraigh sé breis agus 530 cruinniú ar líne freisin le húdaráis náisiúnta, le comhlachtaí neamhspleácha agus le geallsealbhóirí, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Cé nach bhfuil sé mar phríomhchuspóir aici, is bunús tábhachtach í an Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta chun sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a shainaithint faoin Rialachán maidir le Coinníollacht.

### Ní raibh sé soiléir cén fáth agus cén uair a bhain an Coimisiún úsáid as foinsí eile

**48** Chomh maith leis na Tuarascálacha bliantúla maidir leis an Smacht Reachta, bhailigh an Coimisiún faisnéis ó gach foinse a luaitear sa Rialachán maidir le Coinníollacht, cé is moite de Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, nach ndeachthas i gcomhairle léi i gcás na sé Bhallstát inár sampla.

**49** Maidir le húsáid na bhfoinsí breise faisnéise a luaitear sna treoirlínte ón gCoimisiún, i gcás roinnt Ballstát rinne an Coimisiún measúnú ar líomhaintí agus gearáin chun sáruithe féideartha ar phrionsabail an smachta reachta a shainaithint agus, i gcás Ballstáit amháin, fuarthas fianaise trí staidéar seachtrach a chur á dhéanamh. Mar sin féin, fuaireamar freisin go raibh éagsúlacht ann maidir le faisnéis chomhlántach den sórt sin a úsáid ar fud na sé Bhallstát inár sampla, agus nár thug an Coimisiún cúiseanna le húsáid a bhaint as an gcur chuige cás ar chás sin le linn an iniúchta.

### Ní dhearna an Coimisiún doiciméadú leordhóthanach ar a chur chuige 'céimnithe' nuair a bhí measúnú á dhéanamh aige ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige ar leasanna airgeadais an Aontais

**50** Cé nár cuireadh ar bhonn foirmiúil é, cuireann an Coimisiún cur chuige 'céimnithe' i bhfeidhm i gcleachtas chun sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a shainaithint agus chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar leasanna airgeadais an Aontais. Bhreathnaíomar ar chúig chéim éagsúla de chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht, arb é an toradh a bhí air ná gur seoladh an nós imeachta faoi cheangal ama (idir 5 agus 9 mí) trí fhógra a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann de bhun Airteagal 6(1). Féach ***Fíor 2***.

## Fíor 2 — Cur chuige céimnithe maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht




**Scagadh le haghaidh sáruithe ar an smacht reachta**

Scagadh do gach ceann de na 27 mBallstát bunaithe go príomha ar Thuarascálacha bliantúla maidir leis an Smacht Reachta ach freisin ar fhoinsí eile nuair is gá.

**Cásanna a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don Rialachán maidir le Coinníollacht**

Ba cheart dó sin a bheith bunaithe ar anailís riosca chórasach de réir critéir réamhshainithe. Á dhéanamh faoi láthair do naoi mBallstát.

**Scagadh breise trí fhoinsí éagsúla**

Á dhéanamh faoi láthair do cheithre Bhallstát.

**Iarraidh oifigiúil ar fhaisnéis chuig an mBallstát ábhartha (Airteagal 6(4))**

Céim roghnach á déanamh faoi láthair don Ungáir agus don Pholainn.

**Litir fógra (Airteagal 6(1)) lena seoltar an nós imeachta faoi cheangal ama le haghaidh togra ón gCoimisiún maidir le bearta chuig an gComhairle**

Á dhéanamh faoi láthair don Ungáir.

*Foinse:* Anailís CIE féin ar phróiseas oibre inmheánach an Choimisiúin.

**51** Faoi dheireadh ár n-iniúchta allamuigh, rinne an Coimisiún scagadh tosaigh ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta i gcás gach ceann de na 27 mBallstát. Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann do naoi mBallstát agus thosaigh sé measúnú féachaint an bhféadfaidís a bheith ina gcásanna faoin Rialachán maidir le Coinníollacht. Rinne an Coimisiún anailís níos doimhne ansin agus rinne sé imscrúduithe breise i gcás cheithre Bhallstát. Faoi Mheán Fómhair 2023, bhí gníomhaíochtaí oifigiúla déanta ag an gCoimisiún faoi Airteagal 6(4) den Rialachán maidir le Coinníollacht i gcás na hUngáire agus i gcás na Polainne (céim 4) agus sheol sé nós imeachta Airteagal 6(1) i gcás na hUngáire (céim 5).

**52** I bprionsabal, tá an cur chuige 'céimnithe' sin i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht. Measaimid gur cheart don Choimisiún a shonrú, áfach, cad iad na critéir atá aige chun dul chun cinn a dhéanamh ó chéim amháin go céim eile. Ní hamhlaidh atá go dtí seo.

**53** Léiríodh san anailís a rinneamar nach ndearnadh doiciméadú ar an bpróiseas a leantar nuair a bhíonn cinneadh a dhéanamh faoi na cásanna ina bhfuil an measúnú le bogadh go dtí an chéad chéim eile, agus na cásanna inar cheart anailís níos mine a

dhéanamh ina leith. Ní bhfuaireamar aon fhianaise ar an gcaoi ar chuir Coimisiún anailís riosca chórasach i bhfeidhm chun tacú leis na cinntí sin.

**54** Mar shampla, cé gur sainaithníodh sa Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta ón gCoimisiún roinnt dúshlán a bhaineann leis an smacht reachta do gach ceann de na 27 mBallstát , i gcás dhá cheann de na sé Bhallstát inár sampla, ní dhearna an Coimisiún aon ghníomhaíocht shonrach faoin Rialachán maidir le Coinníollacht chun sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint tuilleadh. Ní raibh doiciméadú déanta aici ach oiread ar aon mheasúnú féachaint an raibh na dúshláin a sainaithníodh maidir leis an smacht reachta ag imirt tionchar ar leasanna airgeadais an Aontais. Maidir leis an bPolainn, fuair an Coimisiún freagraí na n-údarás inniúil ar an iarraidh ar fhaisnéis faoi Airteagal 6(4) a bhí déanta aige agus rinne sé anailís orthu. Ar an mbonn sin, mheas sé go bhféadfadh aistriú go dtí an chéad chéim eile a bheith ar cheann de na roghanna féideartha. I ndeireadh na dála, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh sé níos iomchuí leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an staid i ndáil leis na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a sainaithníodh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar leasanna airgeadais an Aontais.

**55** Maidir le doiciméadú an Choimisiúin ar a mheasúnuithe faoin Rialachán maidir le Coinníollacht i dtaobh an ndearnadh leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go comhsheasmhach agus go leormhaith ar sháruithe féideartha ar phrionsabail an smachta reachta, ní raibh sé leordhóthanach i gcás cúig cinn de na sé Bhallstát a sampláladh. Ba í an Ungáir an eisceacht, dá ndearnadh bearta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, agus faoin dá ionstraim eile.

## Rinneadh athchóirithe neamhréitithe a chlúdaítear leis an Sásra Comhair agus Fíorúcháin a atosú faoi na hionstraimí reatha

**56** Nuair a tháinig an Bhulgáir agus an Rómáin isteach san Aontas in 2007, bhí siad faoi réir an tSásra Comhair agus Fíorúcháin (féach ***Bosca 1***). Shocraigh an Coimisiún sé thagarmharc don Bhulgáir[31] agus ceithre thagarmharc don Rómáin[32] chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfaidís maidir le saincheisteanna atá an-ábhartha ó thaobh cloí le prionsabail an smachta reachta. In 2017, d'eisigh an Coimisiún dhá

[31] Cinneadh ón gCoimisiún lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Bhulgáir, 2006/929/CE.

[32] Cinneadh ón gCoimisiún lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin, 2006/928/CE.

thuarascáil inar leag sé amach na ceanglais a raibh sé ag súil leis ón Bhulgáir[33] agus ón Rómáin[34] faoin Sásra Comhair agus Fíorúcháin.

**57** Chinn an Coimisiún i Meán Fómhair 2023 an Sásra Comhair agus Fíorúcháin a dhúnadh go foirmiúil don Bhulgáir agus don Rómáin araon[35]. Mar sin féin, tugaimid an méid seo a leanas ar aire:

- Ó 2019 i leith, ní dhearnadh aon tuairisciú breise i gcás na Bulgáire faoin Sásra Comhair agus Fíorúcháin, ós rud é gur mheas an Coimisiún go raibh dul chun cinn leordhóthanach déanta ag an mBulgáir maidir le comhlíonadh na ngealltanas a rinneadh tráth a haontachais leis an Aontas[36]. Bhí sin amhlaidh in ainneoin gur admhaigh an Coimisiún féin nach mór don Bhulgáir leanúint dá hathchóirithe[37]. Admhaítear sa tuarascáil dheireanach i gcás na Rómáine freisin go bhfuil gá le tuilleadh athchóirithe[38].
- Sa Tuarascáil bhliantúil is déanaí ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta, leagtar béim ar roinnt saincheisteanna atá ábhartha do thagarmharcanna an tSásra Comhair agus Fíorúcháin, rud a cheanglófaí ar an dá Bhallstát tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh[39].

---

[33] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn sa Bhulgáir faoin Sásra Comhair agus Fíorúcháin, COM/2017/0750 final.

[34] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn sa Rómáin faoin Sásra Comhair agus Fíorúcháin, COM/2017/044 final.

[35] Féach fonóta [6].

[36] An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn sa Bhulgáir faoin Sásra Comhair agus Fíorúcháin, 22 Deireadh Fómhair 2019, lch. 13.

[37] Ibid.

[38] An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn sa Rómáin faoin Sásra Comhair agus Fíorúcháin, 22 Samhain 2022, lch. 13.

[39] Iarscríbhinn a ghabhann le Tuarascáil 2023 maidir leis an Smacht Reachta, lch. 2 don Bhulgáir agus lch. 23 don Rómáin.

**58** Faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, fuaireamar amach nach raibh doiciméadú sásúil déanta ag an gCoimisiún ar a mheasúnuithe i gcás na Bulgáire agus na Rómáine ná gur shainigh sé an chéim ar cheart dó a bheith tagtha chomh fada léi ina chur chuige céimnithe (féach ***Fíor 2***). Idir an dá linn, shainaithníomar roinnt garspriocanna agus spriocanna a bhaineann leis an smacht reachta atá ábhartha do thagarmharcanna an tSásra Comhair agus Fíorúcháin in RRPanna náisiúnta na Bulgáire agus na Rómáine araon (féach ***Iarscríbhinn III***).

## Ní raibh an cinneadh a rinne an Coimisiún ó thaobh úsáid a bhaint (nó gan úsáid a bhaint) as ionstraimí chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint bunaithe ar chritéir dhea-dhoiciméadaithe

**59** Cé gurb é an Rialachán maidir le Coinníollacht an t-aon rialachán amháin atá ann a bhfuil sé de chuspóir sonrach aige leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar sháruithe ar an smacht reachta, is féidir le Rialachán RRF agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna araon rannchuidiú freisin (féach mír ***12***). Go foirmiúil, ní fhéadfaidh an Coimisiún an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm ach amháin má mheasann sé nach bhfuil nósanna imeachta eile chomh héifeachtach céanna ó thaobh bhuiséad an Aontais a chosaint[40]. Dá bhrí sin, cé nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil fhollasach ann é sin a dhéanamh, ní mór na Rialacháin sin a úsáid ar bhealach comhlántach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ar an mbealach is éifeachtaí is féidir. Sa roinn seo, déanaimid measúnú ar na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún faoi Rialachán RRF, faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus faoin Rialachán maidir le Coinníollacht.

### Tá ceann amháin ar a laghad de na trí ionstraim curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún le haghaidh gach ceann de na sé Bhallstát inár sampla

**60** I roinnt cásanna le linn na tréimhse a chlúdaítear leis an iniúchadh seo, bhain an Coimisiún úsáid as a shainchumais faoi Rialachán RRF agus, i gcás chistí an bheartais comhtháthaithe, faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an smachta reachta agus ar easnaimh i gcórais bhainistíochta agus rialaithe náisiúnta do na cistí sin de chuid an Aontais.

---

[40] Airteagal 6(1) den Rialachán maidir le Coinníollacht.

**61** I gcás gach ceann de na sé Bhallstát inár sampla (an Bhulgáir, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Pholainn agus an Rómáin), tá ceann amháin ar a laghad de na hionstraimí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún. Tugtar forléargas i *dTábla 1* ar na bearta sonracha a rinneadh do gach ceann de na Ballstáit sin.

### Tábla 1 — Bearta a glacadh faoi na trí ionstraim i gcás na mBallstát inár sampla

| Tír | Ionstraim | Beart |
|---|---|---|
| **An Bhulgáir** | **An Rialachán maidir le Coinníollacht** | Gan bheart. |
| **An Bhulgáir** | **RFC** | Meastar go bhfuil an Chairt um Chearta Bunúsacha á cur i bhfeidhm agus á cur chun feidhme go héifeachtach |
| **An Bhulgáir** | **RRF** | Shainaithníomar 13 gharsprioc a bhaineann leis an smacht reachta, a bhfuil an ceann deireanach le baint amach faoi Ráithe 1 de 2026.<br>Bhí trí 'shár-gharsprioc' ann nach mbaineann go heisiach leis an smacht reachta, a bhí le baint amach sula ndéanfaí aon íocaíocht, agus tá sé measta ag an gCoimisiún gur baineadh amach go sásúil iad. |
| **An Ghréig** | **An Rialachán maidir le Coinníollacht** | Gan bheart. |
| **An Ghréig** | **RFC** | Meastar go bhfuil an Chairt um Chearta Bunúsacha á cur i bhfeidhm agus á cur chun feidhme go héifeachtach |
| **An Ghréig** | **RRF** | Shainaithníomar 5 gharsprioc a bhaineann leis an smacht reachta, a raibh an ceann deireanach le baint amach faoi Ráithe 4 de 2022.<br>Bhí aon 'shár-gharsprioc' le baint amach sula ndéanfaí aon íocaíocht, agus mheas an Coimisiún go raibh sí bainte amach go sásúil. |

| Tír | Ionstraim | Beart |
|---|---|---|
| An Ungáir | **An Rialachán maidir le Coinníollacht** | Moladh bearta agus d'fhormheas an Chomhairle iad, le roinnt modhnuithe.<br>Rinneadh 55 % (€6.4 billiún) a chur ar fionraí i gcás trí chlár de chuid an Bheartais Comhtháthaithe, chomh maith le toirmeasc a chur ar ghealltanais dhlíthiúla a dhéanamh le hiontaobhais leasa phoiblí agus le heintitis atá á gcothabháil acu faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach. |
| | **RFC** | Go dtí lár mhí na Nollag 2023, ní dhearnadh coinníollacha cumasúcháin cothrománach a chomhlíonadh, rud a chuir bac ar aisíocaíocht amach anseo de bheagnach €22 bhilliún le haghaidh chistí an Aontais. Ní dhearnadh difear do réamhíocaíochtaí ná do chúnamh teicniúil, agus íocadh €0.6 billiún.<br>Tar éis chinneadh an 13 Nollaig 2023 maidir le comhlíonadh an tríú coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir le neamhspleáchas breithiúnach, d'fhógair an Coimisiún go bhféadfaidh an Ungáir tús a chur le haisíocaíochtaí suas go dtí €10.2 billiún a éileamh. |
| | **RRF** | Shainaithníomar 31 gharsprioc a bhaineann leis an smacht reachta, a bhfuil an ceann deireanach le baint amach faoi Ráithe 1 de 2026.<br>Bhí 27 'sár-gharsprioc' le baint amach roimh an gcéad íocaíocht, lena n-áirítear iad siúd a shainaithin an Coimisiún agus an Chúirt Iniúchóirí araon mar íocaíocht a bhaineann leis an smacht reachta. Níl aon mheasúnú ón gCoimisiún ar na garspriocanna sin ar fáil fós.<br>Méid iomlán RRP: €6.5 billiún de dheontais agus €3.9 billiún d'iasachtaí, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí de €0.9 billiún nach bhfuil feidhm ag na sár-gharspriocanna ina leith sin. |

| Tír | Ionstraim | Beart |
|---|---|---|
| An Iodáil | **An Rialachán maidir le Coinníollacht** | Gan bheart. |
| | **RFC** | Meastar go bhfuil an Chairt um Chearta Bunúsacha á cur i bhfeidhm agus á cur chun feidhme go héifeachtach |
| | **RRF** | Shainaithníomar 18 ngarsprioc a bhaineann leis an smacht reachta, a bhfuil an ceann deireanach le baint amach faoi Ráithe 2 de 2026.<br>Bhí aon 'shár-gharsprioc' le baint amach sula ndéanfaí aon íocaíocht, agus mheas an Coimisiún go raibh sí bainte amach go sásúil. |
| An Pholainn | **An Rialachán maidir le Coinníollacht** | Iarraidh ar fhaisnéis faoi Airteagal 6(4) i Samhain 2022. |
| | **RFC** | Ní dhearnadh coinníollacha cumasúcháin cothrománacha a chomhlíonadh, rud a chuir bac ar aisíocaíocht amach anseo de €74.1 billiún le haghaidh chistí an Aontais Ní dhearnadh difear don réamhíocaíocht; íocadh €1.7 bhilliún. |
| | **RRF** | Shainaithníomar 7 ngarsprioc a bhaineann leis an smacht reachta; tá siad sin le baint amach le linn chur chun feidhme an chláir; an ceann deireanach faoi Ráithe 2 de 2026.<br>Bhí trí 'shár-gharsprioc' le baint amach roimh an gcéad íocaíocht, lena n-áirítear iad siúd a shainaithin an Coimisiún agus an Chúirt Iniúchóirí mar chinn a bhaineann leis an smacht reachta.<br>Níl aon mheasúnú ón gCoimisiún ar na sár-gharspriocanna sin ar fáil fós.<br>Méid iomlán RRP: €25.3 bhilliún de dheontais agus €34.5 bhilliún d'iasachtaí, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí de €5.1 billiún nach bhfuil feidhm ag na sár-gharspriocanna ina leith sin. |

| Tír | Ionstraim | Beart |
|---|---|---|
| An Rómáin | **An Rialachán maidir le Coinníollacht** | Gan bheart. |
| | **RFC** | Meastar go bhfuil an Chairt um Chearta Bunúsacha á cur i bhfeidhm agus á cur chun feidhme go héifeachtach |
| | **RRF** | Shainaithníomar 16 gharsprioc a bhaineann leis an smacht reachta, a bhfuil an ceann deireanach le baint amach faoi Ráithe 2 de 2026.<br>Bhí dhá 'shár-gharsprioc' ann nach mbaineann go heisiach leis an smacht reachta, a bhí le baint amach sula ndéanfaí aon íocaíocht agus mheas an Coimisiún gur baineadh amach go sásúil iad. |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

**62** In ***Iarscríbhinn IV***, tugtar forléargas ar fhorálacha ábhartha Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus ar na sé Bhallstát inár sampla.

## Tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a bhain leis an smacht reachta le garspriocanna faoi Rialachán RRF, cé nach raibh siad ag réiteach le chéile i gcónaí

**63** Maidir le RRF, bhí ar na Ballstáit a ndréacht-RRPanna, lena n-áirítear a ngarspriocanna agus a spriocanna, a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena measúnú. Bhí ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh[41] féachaint ar thug RRPanna aghaidh ar na moltaí tírshonracha uile nó ar fhothacar suntasach de na moltaí tírshonracha nó ar dhúshláin eile a sainaithníodh laistigh de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh. Ina theannta sin, sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle chun gach aon RRP náisiúnta a fhormheas, bhí míniú le tabhairt[42] ar an gcaoi a ndearna an RRP sin cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú.

[41] Airteagal 19(3)(b) de Rialachán RRF.

[42] Airteagal 20(5)(e) de Rialachán RRF.

**64** Agus measúnú a dhéanamh ar na RRPanna, sheiceáil an Coimisiún ar thug siad aghaidh ar gach ceann de na moltaí tírshonracha, nó ar fho-thacar suntasach díobh. Fuaireamar go raibh garspriocanna comhfhreagracha ag an gcuid is mó de shaincheisteanna an smachta reachta a bhí le baint amach sula bhféadfaí aon íocaíocht a bhaineann le garsprioc a dhéanamh, ar a dtugtar 'sár-gharspriocanna' freisin (i gcás na hUngáire agus na Polainne), nó go raibh gnáth-gharspriocanna i gceist leo a bhí le baint amach faoi Ráithe 2 de 2026 (an Bhulgáir, an Ghréig, an Iodáil agus an Rómáin). Chomh maith lena sár-gharspriocanna, tá gnáth-gharspriocanna a bhaineann leis an smacht reachta i gceist i gcás na hUngáire agus na Polainne freisin. Na garspriocanna a bhaineann leis an smacht reachta agus nár baineadh amach don Bhulgáir, don Ghréig, don Iodáil agus don Rómáin, ní sár-gharspriocanna iad agus, dá bhrí sin, ní chuireann siad bac ar na híocaíochtaí a bhaineann le garsprioc, ach ní mór dóibh a bheith bainte amach sula bhféadfar íocaíocht iomlán a dhéanamh.

**65** I gcás inar sainaithníodh easnaimh sa mheasúnú a rinne an Coimisiún ar dhearadh na gcóras bainistíochta agus rialaithe, rinne an Coimisiún garspriocanna ceartaitheacha a fhormheas chun aghaidh a thabhairt orthu. De réir threoirlínte an Choimisiúin, ba cheart garspriocanna chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sna córais rialaithe náisiúnta chun calaois agus éilliú a bhrath, a chosc agus a cheartú go héifeachtach a bhaint amach roimh an gcéad iarraidh ar íocaíocht. Moladh 'sár-gharspriocanna' den sórt sin i gcás gach ceann de na sé Bhallstát inár sampla.

- Maidir leis an Ungáir, tar éis mheasúnú an Choimisiúin, bhí 27 sár-gharsprioc curtha san RRP, lena gcuirtear cosc ar íocaíochtaí RRF go dtí go réiteofar na rioscaí comhfhreagracha a sainaithníodh. Astu sin, baineann 21 díobh go díreach leis an smacht reachta agus baineann siad le cur chun feidhme na 17 mbeart feabhais a comhaontaíodh leis an Ungáir faoi nós imeachta an Rialacháin maidir le Coinníollacht[43].

- Maidir leis an bPolainn, tá dhá shár-garsprioc ann a bhaineann leis an smacht reachta ann agus atá gaolmhar le neamhspleáchas breithiúnach; ní dhéanfar íocaíochtaí RRF ina leith sin go dtí go ndéanfar na garspriocanna gaolmhara iomchuí a bhaint amach go sásúil

[43] EPRS, 'Sár-gharspriocanna' a bhaineann leis an Smacht Reachta i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire agus na Polainne, Tábla 4.

**66** I gcás na Bulgáire agus na Rómáine, áfach, is gnáth-gharspriocanna atá i gcuid de na garspriocanna a bhaineann le calaois agus éilliú a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus dá bhrí sin leis an smacht reachta. Ní gá cuid de na garspriocanna a bhaineann leis an smacht reachta a bhaint amach ach amháin i dtreo dheireadh thréimhse incháilitheachta RRF. Áirítear leo sin, mar shampla, an straitéis nua frith-éillithe sa Rómáin in 2021, a chaithfear a chur chun feidhme faoi dheireadh 2025 (féach ***Iarscríbhinn III***). Ós rud é gur gnáth-gharspriocanna iad sin, soláthrófar cistiú RRF roimh ré nuair a bheidh garspriocanna agus spriocanna eile bainte amach ar dtús (féach mír ***94***). Bunaithe ar dhoiciméadacht an Choimisiúin, ní féidir linn teacht ar an gconclúid an raibh údar maith leis na difríochtaí sin sa chur chuige.

**67** Thairis sin, ní féidir bunú garspriocanna agus spriocanna RRF (bídís ina sár-gharspriocanna nó ina ngnáth-gharspriocanna) a bhaineann leis an smacht reachta ach a bheith mar chéad chéim, ach ina céim fhíor-riachtanach mar sin féin. Beidh ar an gCoimisiún measúnú agus faireachán a dhéanamh ina dhiaidh sin féachaint an bhfuil na garspriocanna, a luaithe a bhaintear amach iad, ina leigheas éifeachtach agus marthanach ar na dúshláin a sainaithníodh. Tosaíonn an próiseas sin nuair a dhéanann Ballstát iarraidh ar íocaíocht a thíolacadh. Féach freisin míreanna ***93***-***95***.

## Déanann an Coimisiún seiceáil ar choinníollacha cumasúcháin cothrománacha nuair a dhéantar cláir agus leasuithe ar chláir a fhormheas

**68** I gcás Rialachán na bhForálacha Coiteanna, ní mór don Choimisiún coinníollacha cumasúcháin cothrománacha a sheiceáil aon uair a fhormheastar clár nó aon uair a dhéantar leasú ar chlár. Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún faireachán leanúnach a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin cothrománacha i gcaitheamh na clárthréimhse agus ní féidir leis costais a aisíoc ach a fhad a bheidh siad fós á gcomhlíonadh. Mar sin féin, i gcomhréir le RFC, ní athsheiceálann an Coimisiún a gcomhlíonadh roimh gach aisíocaíocht. Maidir leis an smacht reachta, is é an tríú coinníoll cumasúcháin cothrománach – lena gcuirtear de cheangal ar na Ballstáit sásraí éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a áirithiú – an coinníoll is ábhartha.

**69** Rinneamar anailís ar na critéir a d'úsáid an Coimisiún chun seiceáil a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann Ballstát na gnéithe den Chairt um Chearta Bunúsacha a bhaineann leis an smacht reachta. Fuaireamar amach go gclúdaítear leis na critéir sin feidhmiú cuí na gcóras breithiúnach sna Ballstáit. Mar sin féin, maidir le coinbhleachtaí leasa sistéamacha agus calaois agus éilliú a chosc, a bhrath agus a cheartú, ní áirítear iad i bhfíorú an Choimisiúin de réir na Cairte um Chearta Bunúsacha. Ina ionad sin, déantar gnéithe a bhaineann le calaois a sheiceáil faoin gcéad choinníoll cumasúcháin cothrománach, ach ní dhéantar iad a sheiceáil ach a mhéid a bhaineann siad le soláthar poiblí.

**70** Tugaimid ar aire freisin nár lorg an Coimisiún ionchur ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha maidir le critéir a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá na córais náisiúnta bhainistíochta agus rialaithe ag comhlíonadh na Cairte. Cé nach oibleagáid dhlíthiúil é sin, measaimid gur deis chaillte é chun úsáid a bhaint as an saineolas atá ar fáil ar leibhéal an Aontais ar an ábhar sin.

**71** Thairis sin, maidir leis an scrúdú a rinne an Coimisiún ar fhéinmheasúnuithe na mBallstát ar chomhlíonadh an tríú coinníoll cumasúcháin cothrománach, d'aimsíomar easnaimh sa chaoi a ndearnadh an fhianaise a fuarthas a dhoiciméadú. Tá an baol ann go ndearnadh na measúnuithe ar bhealach neamhréireach.

**72** Tugaimid ar aire freisin nach gcuireann RFC d'oibleagáid ar an gCoimisiún a mheasúnú féin a dhéanamh nuair a aontaíonn sé le féinmheasúnú an Bhallstáit ar neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin cothrománacha. Mar shampla, leis an gComhaontú Comhpháirtíochta leis an bPolainn an 30 Meitheamh 2022[44] agus le féinmheasúnú na Polainne ina dhiaidh sin, thángthas ar an gconclúid nach raibh an tír ag teacht leis an gcoinníoll cumasúcháin cothrománach maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha. Chomhaontaigh an Coimisiún, nuair a bhí na cláir oibríochtúla á bhformheas aige[45], ach níor nocht sé na cúiseanna a bhí aige chun é sin a dhéanamh, agus ba leor leis tagairt a dhéanamh d'fhéinmheasúnú na Polainne. D'fhéadfadh sé sin bac a chur ar an bhfaireachán a dhéanfar amach anseo ar bhearta feabhais atá fós le comhaontú idir an Coimisiún agus an Pholainn ós rud é nach nochtar a réasúnú féin ar bhealach trédhearcach. Chuir an Coimisiún in iúl dúinn go bhfuil sé ar intinn aige gach

---

[44] Féach Comhaontú Comhpháirtíochta leis an bPolainn – 2021-2027, pointe 6.

[45] Féach mar shampla Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 18.11.2022 lena bhformheastar an clár 'Cistí Eorpacha don Fhorbairt Dhigiteach 2021-2027' chun tacaíocht a fháil ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoin gCuspóir Infheistíochta le haghaidh post agus fáis' sa Pholainn (CCI 2021PL16RFPR002); tagairt 4 agus Airteagal 3.

cinneadh formheasa cláir a fhoilsiú go córasach faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Beidh tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcásanna ina measann an Coimisiún nach gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha (amhail cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme éifeachtach na Cairte um Chearta Bunúsacha).

### Ní raibh an réasúnaíocht maidir le gan an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm sách soiléir ná doiciméadaithe go maith

**73** Don tréimhse faoi iniúchóireacht, bhain an Coimisiún úsáid as ionstraimí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar na sáruithe a sainaithníodh ar phrionsabail an smachta reachta. Sa chomhthéacs sin, thugamar ar aire nach leagtar amach le treoirlínte ón gCoimisiún critéir shoiléire maidir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm nó gan é a chur i bhfeidhm. Féach mír ***59***.

**74** San aon chás amháin inar bhain an Coimisiún úsáid as na trí ionstraim in éineacht (an Ungáir), rinneadh a n-úsáid a chomhordú go héifeachtach agus a dhoiciméadú go leordhóthanach. Mar sin féin, i gcásanna eile, ní dhearna an Coimisiún doiciméadú cuimsitheach ar an gcúis a bhí aige gan an Rialachán maidir le Coinníollacht a úsáid chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Sa Pholainn, mar shampla, ní dhearnadh cistí a fhorscaoileadh i gcás amháin toisc nár comhlíonadh coinníoll cumasúcháin cothrománach agus i gcásanna eile toisc nár baineadh amach sár-gharspriocanna, ach ní dhearnadh na cúiseanna nár cuireadh an Rialachán maidir le Coinníollacht i bhfeidhm a dhoiciméadú.

## Bhí láimhseáil chás na hUngáire ag teacht leis an Rialachán maidir le Coinníollacht

**75** Don aon chás amháin go dtí seo inar chuir an Coimisiún an Rialachán maidir le Coinníollacht i bhfeidhm go hiomlán, rinneamar scrúdú féachaint an ndearna sé amhlaidh tar éis measúnú oibiachtúil, neamhchlaonta agus cothrom a dhéanamh ar na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar leasanna airgeadais an Aontais, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht[46]. Rinneamar seiceáil freisin féachaint ar comhlíonadh na spriocdhátaí dlíthiúla. Tugtar forléargas in ***Iarscríbhinn V*** ar chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht le haghaidh na hUngáire.

---

[46] Aithris (16) den Rialachán maidir le Coinníollacht.

### Bhí measúnú an Choimisiúin ag teacht leis na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán maidir le Coinníollacht

**76** Chuir an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis faoi Airteagal 6(4) chuig an Ungáir an 24 Samhain 2021. An 16 Feabhra 2022, dheimhnigh breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh bailíocht an Rialacháin maidir le Coinníollacht, lenar díbheadh go hiomlán caingne na hUngáire agus na Polainne le haghaidh neamhniú[47]. An 27 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún fógra faoi Airteagal 6(1) ar aghaidh chuig an Ungáir. Ba é sin an chéad uair a d'úsáid an Coimisiún an nós imeachta faoi Airteagal 6(1).

**77** Léiríodh san anailís a rinneamar go raibh sainaithint na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta ag an gCoimisiún i gcás na hUngáire bunaithe ar mheasúnú cáilíochtúil críochnúil. Bhí an anailís ag teacht leis na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán maidir le Coinníollacht freisin.

**78** I measúnú an Choimisiúin as ar lean a thogra maidir le bearta buiséadacha, cuireadh barúlacha an Bhallstáit lena mbaineann san áireamh, lena n-áirítear na bearta feabhais a bhí molta. Lean an measúnú na critéir uile a luaitear sa Rialachán maidir le Coinníollacht[48].

**79** Deimhnítear san anailís a rinneamar go raibh measúnú an Choimisiúin ar cé acu a bhí nó nach raibh nasc sách díreach idir na sáruithe sin agus leasanna airgeadais an Aontais, agus an togra ina dhiaidh sin maidir le bearta buiséadacha le haghaidh trí chlár de chuid an Bheartais Comhtháthaithe, oibiachtúil agus bunaithe ar fhaisnéis ábhartha agus beacht, lena n-áirítear taithí roimhe seo i mbainistiú chistí an Aontais. Cé acu ba cheart nó nár cheart don Choimisiún níos mó a mholadh, tagann sé faoina chumhacht lánroghnach. Mar a luaitear i mír ***25***, ní dhearnamar measúnú féachaint ar leor na bearta atá beartaithe chun gach riosca do leasanna airgeadais an Aontais a chlúdach.

---

[47] Breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *An Ungáir v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh,* C-156/21, EU:C:2022:97 agus breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh,* C-157/21, AE:C:2022:98.

[48] Aithris (18) agus Airteagal 5(3) den Rialachán maidir le Coinníollacht.

## Ghlac an Chomhairle a cinneadh cur chun feidhme lena gcuirtear 55 % den chistiú ón Aontas do thrí chlár chomhtháthaithe ar fionraí laistigh den spriocdháta dlíthiúil

**80** An 18 Meán Fómhair 2022, tar éis dó a mheasúnú a thabhairt i gcrích, chuir an Coimisiún a thogra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme faoi bhráid na Comhairle. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí 65 % de na gealltanais le haghaidh trí chlár de chuid an Bheartais Comhtháthaithe a chur ar fionraí[49] agus go bhforchuirfí toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla a dhéanamh le hiontaobhais leasa poiblí agus leis na heintitis atá á gcothabháil acu.

**81** An 15 Nollaig 2022, agus na bearta á nglacadh aici, chinn an Chomhairle 55 % (seachas 65 %) de na gealltanais bhuiséadacha le haghaidh na dtrí chlár a meastar go bhfuil tionchar ar leith ag sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta orthu a chur ar fionraí. B'ionann sin agus thart ar €6.4 billiún – €1.2 billiún níos lú ná mar a bhí molta ag an gCoimisiún i dtosach.

**82** Rinneadh an togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle agus leasú na Comhairle ar an togra agus glacadh a Chinnidh chríochnaithigh faoi na spriocdhátaí dlíthiúla atá leagtha amach sa Rialachán maidir le Coinníollacht, idir 5 mhí agus 9 mí tar éis an fógra faoi Airteagal 6(1) a sheoladh (féach freisin ***Iarscríbhinn II***).

**83** Ag an am céanna, tugaimid ar aire, áfach, gur chuir Parlaimint na hEorpa in iúl gur oth léi an 'easpa faisnéise a cuireadh ar fáil don Pharlaimint maidir le measúnú an Choimisiúin ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na gcoinníollacha ag údaráis na hUngáire [...]' agus gur mheabhraigh sí '[...] a oibleagáidí dlíthiúla a leagtar amach in Airteagal 25(2) de Rialachán RRF agus in Airteagal 8 den Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta'[50] don Choimisiún.

---

[49] Clár Oibríochtúil um an gComhshaol agus um Éifeachtúlacht Fuinnimh Plus; Clár Oibríochtúil um Iompar Comhtháite Plus; Clár Oibríochtúil um Fhorbairt Chríochach agus Lonnaíochta Plus.

[50] Parlaimint na hEorpa, Rún an 1 Meitheamh 2023, pointe 14.

## Cé nach féidir measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart buiséadach agus feabhais ach ag céim níos déanaí, tá rioscaí fréimhíochta fós ann

**84** Rinneamar measúnú féachaint an raibh na gníomhaíochtaí ba ghá déanta ag an gCoimisiún le bheith in ann measúnú a dhéanamh féachaint an dtabharfaidh na bearta feabhais a bheidh le déanamh ag na Ballstáit cosaint éifeachtach do leasanna airgeadais an Aontais ar sháruithe sainaitheanta ar phrionsabail an smachta reachta.

### Sa ghearrthéarma, tá teorainn leis na hiarmhairtí buiséadacha a bheadh ann sa chás nach gcomhlíonfaí an smacht reachta

**85** Faoi dheireadh Nollaig 2023, bhí tionchar ag bearta buiséadacha faoi dhá cheann nó trí cinn de na hionstraimí a chlúdaítear leis an iniúchadh seo ar dhá cheann as na sé Bhallstát inár sampla: an Ungáir agus an Pholainn, a bhféadfadh tionchair tuairim is €22 bhilliún agus €134 bhilliún, faoi seach, a bheith acu amach anseo. Féach ***Fíor 3***.

**86** I gcás na hUngáire, cuirtear san áireamh san fhigiúr cinneadh an Choimisiúin an 13 Nollaig 2023 go raibh an coinníoll cumasúcháin cothrománach comhlíonta ag an Ungáir maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha a mhéid a bhaineann le neamhspleáchas na mbreithiúna[51]. De réir an Choimisiúin, ag éirí as an gcinneadh sin, féadfaidh an Ungáir tús a chur le haisíocaíochtaí suas go dtí thart ar €10.2 billiún a éileamh (lena n-áirítear cúnamh teicniúil nach ndéanann na coinníollacha cumasúcháin difear dó, a sheasann do níos lú ná €0.5 billiún roimh lár mhí na Nollag). Ós rud é gur tháinig deireadh lenár n-obair iniúchóireachta allamuigh roimh an dáta sin, cuireadh an cinneadh sin san áireamh ach ní dhearnadh iniúchóireacht air.

[51] Féach Preasráiteas ón gCoimisiún Eorpach an 13 Nollaig 2023: measann an Coimisiún gur thug athchóiriú breithiúnach na hUngáire aghaidh ar easnaimh i neamhspleáchas breithiúnach, ach go gcoinníonn sé bearta ar choinníollacht bhuiséadach.

**Fíor 3 – Aisíocaíochtaí agus gealltanais amach anseo ar cuireadh bac orthu leis na bearta reatha faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus Rialachán RRF**




*Nóta:* I gcás na hUngáire, ón €6.4 billiún a cuireadh ar fionraí faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, cuirtear bac ar thart ar €2.0 billiún i gcomhthráth le haghaidh aisíocaíochta faoi choinníollacha cumasúcháin Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Dá bhrí sin, ní dhéanfaí ach €4.4 billiún a dhíbhlocáil dá mba rud é go raibh bearta feabhais na hUngáire a shainítear faoin Rialachán maidir le Coinníollacht comhlíonta ach nach mbeadh sin amhlaidh i gcás coinníollacha cumasúcháin Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

*Foinse:* Anailís CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún (amhail i Nollaig 2023).

**87** Léiríonn na méideanna thuas an tionchar ar íocaíochtaí agus gealltanais amach anseo na mbeart reatha ag glacadh leis go bhfanfaidh siad i bhfeidhm go dtí deireadh na ndeich mbliana, bunaithe ar RRPanna agus ar chláir an bheartais comhtháthaithe a glacadh suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2023. Tá na tionchair sin a bheidh ann amach anseo go dtí deireadh na ndeich mbliana ag seasamh do thart ar 27 % de chaiteachas bliantúil an rialtais ghinearálta san Ungáir in 2022 agus thart ar 47 % sa Pholainn. Léirítear i ***bhFíor 4*** na méideanna sin amach anseo mar chion den ollioncam náisiúnta (OIN), de caiteachas an rialtais ghinearálta agus de chaiteachas bhuiséad an Aontais i gcás na dá Bhallstát faoi seach.

## Fíor 4 — Méid ghaolmhar na mbeart reatha faoi Rialachán CR, Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

| **2022**<br>(Figiúirí bliantúla) | **Aisíocaíochtaí agus gealltanais amach anseo ar cuireadh bac orthu leis na bearta reatha faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus Rialachán RRF**<br>(aisíocaíochtaí go dtí 2029) |
|---|---|

### AN UNGÁIR




Caiteachas ó **bhuiséad bliantúil an Aontais** san Ungáir (**€6.1 bhilliún** nó **3.7 %** de **OIN**)

**Iomlán: €22.1 bn**
*(féach Fíor 3 le haghaidh mionsonraí)*




Seasann an tionchar amach anseo de €221.1 billiún ó 2022 go dtí 2029 do 26.8 % de chaiteachas bliantúil an rialtais ghinearálta in 2022

### An Pholainn




Caiteachas ó **bhuiséid bhliantúil an Aontais** sa Pholainn (**€18.3 bhilliún** nó **2.9 %** de **OIN**)

**Iomlán: €133.9 billiún**
*(Féach Fíor 3 le haghaidh mionsonraí)*




Seasann an tionchar amach anseo de €133.9 billiún ó 2022 go dtí 2029 do 46.6 % de chaiteachas bliantúil an rialtais ghinearálta in 2022

*Foinse:* Anailís CIE bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún (amhail i Nollaig 2023) agus ó Eurostat (amhail i nDeireadh Fómhair 2023). Is é atá i mbuiséad bliantúil an Aontais ná caiteachas an Aontais a rinneadh sna Ballstáit lena mbaineann ó chláir CAI in 2022.

**88** Sa ghearrthéarma, tá na hiarmhairtí buiséadacha díreacha don Ungáir agus don Pholainn i bhfad níos teoranta, áfach, ná mar a thugann na figiúirí sin le tuiscint:

- Ar an gcéad dul síos, ní dhéanann na bearta buiséadacha difear do réamhíocaíochtaí. Dá gcláir RFC don tréimhse 2021-2027, fuair an Ungáir agus an Pholainn réamhíocaíochtaí arbh ionann iad agus €0.5 billiún agus €1.7 billiún, faoi seach. Thairis sin, faoi na cláir RRF is déanaí a glacadh in 2023, tá an Ungáir incháilithe do réamhíocaíocht de €0.9 billiún agus tá an Pholainn incháilithe do réamhíocaíocht de €5.1 bhilliún. D'fhéadfadh sé go mbeadh cuid de na réamhíocaíochtaí sin le haisghabháil fós.

- Ar an dara dul síos, ní bhaineann an chuid is mó de na suimeanna sin ach le híocaíochtaí amach anseo, i.e. íocaíochtaí nach mbeadh déanta fós, fiú faoi ghnáthchúinsí gan bearta buiséadacha. Faoi lár mhí na Nollag 2023, ní raibh aon iarraidh ar íocaíochtaí RRF ná ar aisíocaíocht ar chaiteachas comhtháthaithe curtha isteach go fóill ag an bPolainn. Tá iarratais ar íocaíocht dar luach €0.3 billiún san iomlán déanta ag an Ungáir faoi RFC. Ní féidir a dhéanamh amach go díreach an mbeadh tuilleadh iarrataí ar íocaíocht curtha isteach in éagmais bearta buiséadacha. Ina theannta sin, fiú má dhíbhlocáiltear iad, ní dhéanfaí formhór na n-íocaíochtaí go luath amach anseo: dhéanfaí na híocaíochtaí suas go dtí deireadh na ndeich mbliana (i gcás CAI) nó suas go dtí 2026 (don RRF).

**89** Maidir le CAI, bhí moill ar na Ballstáit go tradisiúnta iarrataí ar íocaíocht a dhéanamh le linn na chéad bhlianta de thréimhse CAI ar leith agus tharla sciar suntasach d'íocaíochtaí comhtháthaithe i dtreo dheireadh na tréimhse incháilitheachta. A mhéid a bhaineann le Rialachán na bhForálacha Coiteanna:

- Mar a léirítear i ***bhFíor 5***, ag an gcéim choibhéiseach i dtréimhse CAI 2014-2020 (Meán Fómhair 2016), bhí tuairim is 5 % dá leithdháiltí iomlána faoi seach faighte ag an Ungáir agus ag an bPolainn, i gcomhréir le meán an Aontais. Faoi dheireadh an séú bliain den tréimhse, bhí tuairim is 40 % dá leithdháiltí féin faighte ag an Ungáir agus ag an bPolainn araon, agus ba é 30 % meán an Aontais.

- Go dtí seo, tá an ráta íocaíochta do CAI 2021-2027 níos ísle fós. I gcás na dtrí phríomhchiste comhtháthaithe (an Ciste Comhtháthaithe, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus), ba é 2.6 % dá leithdháiltí iomlána le haghaidh 2021-2027 an meánráta íocaíochta do 27 mBallstát an Aontais amhail ag deireadh Mheán Fómhair 2023.

### Fíor 5 – Ráta íocaíochta le haghaidh 2014-2020 (CC, CFRE, CSE)




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

**90** Maidir le RRF, bunaithe ar a bpleanáil tháscach tosaigh, bhí an Ungáir agus an Pholainn i dteideal €0.8 billiún agus €8.8 billiún a fháil faoi seach faoi dheireadh an dara ráithe de 2023. Is cás dóchasach é seo, áfach, ina nglactar leis go mbainfidh na Ballstáit sin gach ceann dá ngarspriocanna agus dá spriocanna faoi seach amach in am. Go praiticiúil, faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2023, ní raibh níos mó ná 25 % dá leithdháileadh RRF faighte ach ag cúig Bhallstát eile agus ní raibh aon íocaíochtaí faighte fós ag seacht mBallstát eile, in ainneoin nach raibh siad faoi réir aon 'shár-gharspriocanna' smachta reachta.

## Ní féidir deireadh a chur leis na rioscaí do leasanna airgeadais an Aontais fiú nuair a chuirtear an Rialachán maidir le Coinníollacht i bhfeidhm

**91** A mhéid a bhaineann leis na bearta cosanta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht a rinneadh i gcoinne na hUngáire, ní féidir measúnú a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe ar a mhéid a bheidh na bearta buiséadacha a mhol an Coimisiún agus na gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá tairgthe ag an Ungáir éifeachtach go hiarbhír ach amháin ag céim níos déanaí:

- Ar an gcéad dul síos, is clúdach pháirteach amháin atá ag an gcinneadh ón gComhairle, agus díríonn sé isteach ar na trí chlár comhtháthaithe (arb ionann iad agus 55 % de na gealltanais) is mó atá i mbaol sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i ndáil le soláthar poiblí. Mar sin féin, d'fhéadfadh an riosca sin difear a dhéanamh i bprionsabal do gach tairiscint phoiblí faoi na cláir uile. Mar thoradh air sin, ní féidir leis na bearta sin deireadh a chur leis an riosca go bhféadfadh fadhbanna comhchosúla difear a dhéanamh don 45 % eile de na trí chlár nó d'aon chistí eile de chuid an Aontais (amhail cláir chomhtháthaithe eile nó an Comhbheartas Talmhaíochta).

- Ar an dara dul síos, tá an riosca fós ann maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht, rud a fhágann gur ticeáil pointí i liosta a bheadh i gceist seachas fíorathrú ar an staid ar an láthair. Go háirithe, ní gá go mbeadh feabhas éifeachtach agus marthanach ag leanúint as comhlíonadh foirmiúil na mBallstát i gcás na mbeart a comhaontaíodh leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún chun laigí a bhaineann leis an smacht reachta a leigheas. Mar shampla, trí Údarás Ionracais a chruthú (féach ***Iarscríbhinn V***), ní áirithítear go huathoibríoch comhrac éifeachtach i gcoinne an éillithe sa Bhallstát lena mbaineann. Ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin trí fheidhmiú éifeachtach agus marthanach comhlachta den sórt sin le himeacht ama. Ina theannta sin, tá an baol ann go ndéanfadh Ballstát na bearta feabhais atá curtha chun feidhme aige a aisiompú a luaithe a chuirfear deireadh leis na bearta buiséadacha – riosca atá sainaitheanta freisin ag Parlaimint na hEorpa[52]. Tugann sé sin le tuiscint nach mór faireachán san fhadtéarma a dhéanamh ar na bearta a chomhaontaítear agus a chuirtear chun feidhme ionas nach mbaintear an bonn uathu nó nach ndéantar iad a aisiompú ag céim níos déanaí.

- Ar deireadh, tá baol ann go ndéanfar cinntí amach anseo chun cistí an Aontais do Bhallstát a dhíbhlocáil, bunaithe ar chur chun feidhme bearta feabhais a sainíodh bliain amháin nó níos mó roimhe sin, cé go bhféadfadh sé go bhfuil gnéithe eile den smacht reachta imithe in olcas ó shin sa tír sin, rud a chruthódh tuilleadh rioscaí do leasanna airgeadais an Aontais. Beidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach agus marthanach na mbeart a comhaontaíodh.

---

[52] Féach Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 1 Meitheamh 2023, pointe 19.

**92** Tá na rioscaí sin níos tábhachtaí fós toisc go bhféadfadh sé go mbeadh sé níos éasca cistí a dhíbhlocáil ná iad a bhlocáil (nó iad a athbhlocáil). Caithfidh na cinntí sin a bheith bunaithe ar anailís theicniúil agus dhleathach, ach ar deireadh thiar thall, ní mór breithnithe níos leithne a chur san áireamh iontu. I ndáil leis sin, tugaimid ar aire gur féidir cinntí chun deireadh a chur le bearta buiséadacha, ar gá tromlach cáilithe ina leith, a phlé ag an am céanna le cinntí eile a bhfuil aontoilíocht ag teastáil ina leith. Áirítear orthu sin, mar shampla, príomhchinntí maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar bhuiséad an Aontais chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith oiriúnach dá fheidhm go dtí 2027, nó a thogra chun an tSaoráid don Úcráin a bhunú.

## Tá rioscaí sonracha fós ann faoi Rialachán RRF agus faoi RFC i ndáil leis na coinníollacha le haghaidh íocaíochtaí

**93** Bhí baint amach gharspriocanna RRF a bhaineann leis an smacht reachta agus comhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin cothrománacha faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna fós idir lámha ag tráth ár n-iniúchta. Ní raibh measúnú ar éifeachtacht na ngarspriocanna agus na gcoinníollacha sin san áireamh inár scóip iniúchóireachta.

**94** Mar sin féin, measaimid go bhfuil roinnt rioscaí fós ann, faoi Rialachán RRF agus faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna, i ndáil leis na coinníollacha le haghaidh íocaíochtaí agus íocaíochtaí cúlghabhálacha a d’fhéadfadh a bheith ann.

- Ós rud é go bhféadfadh bearta RRF a bheith incháilithe do chistiú AE ón 1 Feabhra 2020, lena n-áirítear an tréimhse nár tugadh aghaidh go fóill ar na rioscaí a bhaineann léi, ní mór don Choimisiún cúram breise a ghlacadh agus é ag seiceáil a mhéid a áirithíonn comhlíonadh garspriocanna a bhaineann leis an smacht reachta (lena n-áirítear sár-gharspriocanna) nach ndearna na sáruithe ar an smacht reachta difear d’eisíocaíochtaí RRF chun garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh go sásúil ag an am.

- Maidir le cistí an bheartais comhtháthaithe faoi RFC, tá caiteachas incháilithe go cúlghabhálach freisin, lena n-áirítear do thréimhsí nár chomhlíon na Ballstáit go fóill an coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go héifeachtach lena linn. Ciallaíonn sé sin go mbeadh caiteachas a thabhaítear le linn na dtréimhsí sin incháilithe le haghaidh aisíocaíochta a luaithe a mheastar an coinníoll cumasúcháin cothrománach a bheith comhlíonta. Dá bhrí sin, i gcás na hUngáire agus na Polainne, beidh ar an gCoimisiún a áirithiú i gcónaí nach ndearnadh difear

d'aon chaiteachas a dearbhaíodh go cúlghabhálach mar gheall ar neamhchomhlíonadh na Cairte ag an tráth a tabhaíodh é.

**95** Ar deireadh, mar atá i gcás an Rialacháin maidir le Coinníollacht, tugaimid ar aire nach gá go bhfágfadh comhlíonadh foirmiúil aon cheann de na ceanglais sin go dtarlódh maolú éifeachtach agus marthanach ar rioscaí do leasanna airgeadais an Aontais ar an láthair. Mar shampla, má chomhlíontar an gharsprioc maidir le teacht i bhfeidhm athchóirithe bhreithiúnaigh (an Pholainn)[53], ní ráthaítear leis sin ann féin go mbainfear amach an tionchar atá beartaithe don athchóiriú. Ní féidir measúnú a dhéanamh ar na tionchair sin ach amháin ag céim níos déanaí, lena n-áirítear trí obair iniúchóireachta *ex-post* agus trí mheasúnuithe amach anseo.

## Níor chuir an Coimisiún tús go fóill lena mheastóireacht ar an Rialachán maidir le Coinníollacht, atá ceaptha a bheith déanta in Eanáir 2024

**96** In Eanáir 2024, ní mór don Choimisiún[54] tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht; maidir le héifeachtacht fhoriomlán an nós imeachta atá leagtha amach sa Rialachán; maidir le héifeachtacht fhoriomlán na mbeart a glacadh; agus maidir le comhlántacht an Rialacháin maidir le Coinníollacht le hionstraimí eile. Faoi dheireadh ár gcuid oibre iniúchóireachta allamuigh, ní raibh treoraíocht forbartha ag an gCoimisiún maidir leis an gcaoi a ndéanfar measúnú ar na ceithre ghné sin agus níor chuir sé tús leis an obair ullmhúcháin don mheastóireacht sin go fóill.

**97** Is tuarascáil aon-uaire é seo. Dá bhrí sin, tar éis 2024, ní bheidh aon oibleagáidí sonracha ar an gCoimisiún tuairisciú don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit faoin Rialachán maidir le Coinníollacht nó bunaithe ar fhorálacha a bhaineann go sonrach le cistí.

---

[53] Cás T-531/22.

[54] Airteagal 9 agus aithris (28) den Rialachán maidir le Coinníollacht.

# Conclúidí agus moltaí

**98** Leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, mar aon le forálacha ábhartha an Rialacháin maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC), cuirtear tacar uirlisí breise úsáideach ar fáil don Choimisiún chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun bainistíocht fhónta airgeadais ar chistí an Aontais a áirithiú. Tá rioscaí ag baint le cuid dá ghnéithe dearaidh ó thaobh a chur i bhfeidhm go héifeachtach, áfach. Mar shampla, más rud é go gcuirtear srian ar rochtain Ballstáit ar chistí an Aontais, d'fhéadfadh sé sin bac sealadach a chur ar bhaint amach chuspóirí beartais an Aontais. Mar sin féin, bheadh sé sin ina iarmhairt ghearrthéarmach ar phróiseas atá ceaptha feabhas a chur ar an smacht reachta. I ndeireadh na dála, is faoi na Ballstáit atá sé míbhuntáistí den sórt sin a sheachaint tríd an smacht reachta agus a n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh. Ar deireadh, níl uirlisí cosanta ag gach mórchlár caiteachais an Aontais atá coibhéiseach leis na huirlisí atá leagtha amach faoi RRF nó faoi RFC; mar shampla an Comhbheartas Talmhaíochta. Féach míreanna ***26***-***33***.

**99** Maidir leis an gcás aonair ina raibh bearta molta ag an gCoimisiún faoin Rialachán maidir le Coinníollacht ó tháinig sé i bhfeidhm in Eanáir 2021 (an Ungáir), thángamar ar an gconclúid go ndearna sé amhlaidh ar bhonn measúnú cothrom, i gcomhréir leis an Rialachán, agus i gcomhlántacht le huirlisí cosanta eile faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus faoin mbeartas comhtháthaithe. Mar sin féin, shainaithníomar roinnt réimsí inar cheart don Choimisiún tuilleadh feabhais a chur ar a chuid oibre chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach chreat an smachta reachta agus cosaint iomlán leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú.

**100** Ó thús 2021, rinne an Coimisiún bearta chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a oibríochtú. Amhail ag deireadh ár gcuid oibre iniúchóireachta allamuigh, bhí an próiseas sin fós idir lámha. Is céim úsáideach iad na treoirlínte cur chun feidhme a eisíodh go dtí seo chun an rialachán a chur i bhfeidhm go hoibiachtúil, go neamhchlaonta agus go cothrom i ngach ceann de na 27 mBallstát. Ní leor iad chun roinnt príomhcheisteanna a shoiléiriú, áfach, amhail cad is nasc sách díreach idir sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta agus leasanna airgeadais an Aontais ann, conas an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm chun bailiú iomlán acmhainní dílse an Aontais a chosaint, agus conas measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart buiséadach agus feabhais. Ina theannta sin, níl córas bainistithe cásanna TF feidhmiúil curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún go fóill, rud atá riachtanach chun déileáil go comhsheasmhach agus go trédhearcach le sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta. Ar deireadh, cé go bhfuil an fhoireann riachtanach

curtha ar fáil ag an gCoimisiún do na cásanna a tugadh chun cinn go dtí seo, níor áirithigh sé go fóill na hacmhainní daonna atá ag teastáil chun an Rialachán a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtach maidir leis na Ballstáit go léir. Féach míreanna ***34***-***43***.

**101** Léiríodh san iniúchadh a rinneamar go leanann an Coimisiún cur chuige 'céimnithe' i gcleachtas chun sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a shainaithint agus chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar leasanna airgeadais an Aontais. Bhí nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun sáruithe féideartha ar phrionsabail an smachta reachta a shainaithint. Mar sin féin, ní dhearnadh a mheasúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ná ar an ngá atá le gníomhaíocht bhreise a dhoiciméadú go córasach. Ní bhfuaireamar aon fhianaise gur chuir an Coimisiún anailís riosca chórasach i bhfeidhm de réir critéir réamhshainithe chun tacú lena chinntí. Dá bhrí sin, measaimid nach féidir leis an gCoimisiún a léiriú go trédhearcach go bhfuil leasanna airgeadais an Aontais á gcosaint go leormhaith ar fud gach Ballstát. Féach míreanna ***44***-***57***.

**102** Ba i ndáil leis an Ungáir a rinneadh an t-aon chás ina raibh úsáid bainte ag an gCoimisiún as na trí ionstraim i dteannta a chéile, agus thángamar ar an gconclúid go raibh a n-úsáid dea-chomhordaithe. I gcás na Bulgáire agus na Rómáine, scoireadh den Sásra Comhair agus Fíorúcháin i Meán Fómhair 2023. Mar sin féin, ba ghá athchóirithe neamhréitithe a chlúdaítear leis a Sásra Comhair agus Fíorúcháin a atosú faoi na hionstraimí sin. Faoi RRF, ní leor an doiciméadacht atá ar fáil chun údar maith a thabhairt an raibh nó nach raibh an rogha idir sár-gharspriocanna (lena gcuirtear bac ar gach íocaíocht RRF go dtí go mbainfear amach iad) agus gnáth-gharspriocanna (a spreagann a mbaint amach íocaíochtaí sonracha) iomchuí. I gcás na mBallstát seachas an Ungair, ní rabhamar in ann a fhíorú cad iad na bunchúiseanna a bhí ag an gCoimisiún gan úsáid a bhaint as an Rialachán maidir le Coinníollacht chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Féach míreanna ***59***-***74***.

**103** Faoi dheireadh Nollag 2023, bhí bearta molta ag an gCoimisiún faoin Rialachán maidir le Coinníollacht i gcás aon Bhallstáit amháin: an Ungáir. Léiríodh san anailís a rinneamar go raibh an togra seo ag teacht leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, go raibh sé bunaithe ar mheasúnú cothrom agus go ndearnadh doiciméadú leordhóthanach air. Cé acu ba cheart nó nár cheart don Choimisiún níos mó beart buiséadach a mholadh, tagann sé faoina chumhacht lánroghnach. Faoi dheoidh, chuir an Chomhairle cistiú de chuid an Aontais dar luach €6.4 billiún ar fionraí, cistiú arbh ionann é agus €1.2 billiún níos lú ná mar a bhí molta ag an gCoimisiún i dtosach. Féach míreanna ***75***-***83***.

**104** Ar an iomlán, rinne bearta buiséadacha faoin RRF agus RFC difear do dhá Bhallstát inár sampla: an Ungáir agus an Pholainn, a bhféadfadh tionchar tuairim is €22 bhilliún agus €134 bhilliún a bheith acu, faoi seach. I gcás na hUngáire, cuirtear san áireamh san fhigiúr cinneadh an 13 Nollaig 2023 chun thart ar €10 mbilliún a dhíbhlocáil toisc gur mheas an Coimisiún go raibh an coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha comhlíonta ag an Ungáir maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna. Ós rud é gur tháinig deireadh lenár n-obair iniúchóireachta allamuigh roimh an dáta sin, cuireadh an cinneadh sin san áireamh ach ní dhearnadh iniúchóireacht air. Mar sin féin, bhain na méideanna sin den chuid is mó le híocaíochtaí a d'fhéadfadh teacht chun bheith dlite amach anseo, rud a chiallaíonn go raibh na torthaí buiséadacha gearrthéarmacha i bhfad níos teoranta.

**105** Cé nach féidir measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart buiséadach agus feabhais le himeacht ama ach ag céim níos déanaí, shainaithníomar roinnt rioscaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint go mór óna n-éifeachtacht. Go háirithe, thugamar ar aire nach gá go bhfágfadh comhlíonadh foirmiúil na mbeart feabhais ag Ballstát go dtarlódh feabhsuithe éifeachtacha agus inbhuanaithe ar an láthair, ar feabhsuithe iad a théann thar ticeáil pointí i liosta. Tá an baol ann freisin go ndéanfaí bearta feabhais a aisiompú ina dhiaidh sin, nó go mbeadh meath ag teacht ar ghnéithe eile den smacht reachta ag an am céanna. Tá na rioscaí sin níos tábhachtaí fós toisc go bhféadfadh sé a bheith níos éasca cinneadh a dhéanamh cistí a dhíbhlocáil seachas iad a bhlocáil. Ní mór na cinntí sin a bheith bunaithe ar anailís theicniúil, ach ar deireadh thiar thall, ní mór breithnithe níos leithne a chur san áireamh. Ar deireadh, tugaimid ar aire go bhfuil teorainn le hoibleagáidí an Choimisiúin ó thaobh tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtacht an Rialacháin maidir le Coinníollacht. Féach míreanna ***84***-***97***.

**106** Sa chomhthéacs sin, déanaimid na moltaí seo a leanas.

## Moladh 1 – An acmhainneacht riaracháin is gá a áirithiú chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur chun feidhme

Ba cheart don Choimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) measúnú a dhéanamh ar na hacmhainní daonna is gá chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtach ar fud na mBallstát ar fad;

(b) forbairt a chórais bainistithe cásanna TF chun an sreabhadh oibre do na cinntí agus do na gníomhaíochtaí a dhéantar a bhainistiú agus a dhoiciméadú a thabhairt chun críche; agus

(c) athbhreithniú agus comhdhlúthú a dhéanamh ar a threoirlínte, bunaithe ar a thaithí maidir leis an Rialachán a chur chun feidhme, agus na saincheisteanna a sainaithníodh le linn ár n-iniúchta a shoiléiriú: cad is nasc sách díreach idir sáruithe ar an smacht reachta agus leasanna airgeadais an Aontais ann; conas an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm chun acmhainní dílse an Aontais a chosaint; agus conas measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart buiséadach agus feabhais.

**Spriocdháta don chur chun feidhme i gcás (a) agus (b): 2024.**
**Spriocdháta don chur chun feidhme i gcás (c): chomh luath agus is féidir, agus faoi 2027 ar a dhéanaí (i bhfianaise na n-ullmhúchán don chreat airgeadais ilbhliantúil nua).**

## Moladh 2 – An chaoi ar tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht a shainaithint, a mheasúnú agus a dhoiciméadú go córasach

Chun a léiriú go trédhearcach go bhfuil leasanna airgeadais an Aontais á gcosaint go leormhaith ar fud na mBallstát go léir, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh go córasach agus i gcás gach Ballstáit, ar bhonn critéir shoiléire: measúnú agus doiciméadú a dhéanamh féachaint arb ionann saincheisteanna a sainaithníodh agus sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta; agus measúnú agus doiciméadú a dhéanamh ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith acu sin ar leasanna airgeadais an Aontais.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2024.**

## Moladh 3 — Faireachán a dhéanamh ar thionchar na mbeart a bhaineann leis an smacht reachta

Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar bhearta a bhaineann leis an smacht reachta a rinneadh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, faoi RRF agus faoi RFC (amhail leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, feabhsuithe sa smacht reachta, tionchar ar chuspóirí beartais agus tairbhithe an Aontais) chun a chinntiú gur cuireadh chun feidhme go héifeachtach agus go hinbhuanaithe iad.

Maidir le caiteachas roimh ghnóthú gharspriocanna na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta nó maidir le bearta maolaitheacha a thabhairt isteach chun coinníollacha cumasúcháin cothrománacha faoi RFC a chomhlíonadh, ba cheart don Choimisiún dearbhú leormhaith a fháil nach ndearna sáruithe ar an smacht reachta difear do chaiteachas den sórt sin (faoin mbeartas comhtháthaithe) ná do ghnóthú sásúil garspriocanna nó spriocanna (faoi RRF) ag an tráth a tabhaíodh an caiteachas.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: go bliantúil, go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta.**

## Moladh 4 — Aon togra amach anseo chun deireadh a chur le bearta buiséadacha a bhunú ar fhianaise dhaingean

I bhfianaise na saincheisteanna a sainaithníodh i ndáil le dúnadh an tSásra Comhair agus Fíorúcháin agus na rioscaí sonracha a shainaithníomar maidir le héifeachtacht na mbeart feabhais, ba cheart don Choimisiún a chinntiú gur ar fhaisnéis dhaingean, chuimsitheach agus cothrom le dáta a bhunófar aon togra chun deireadh a chur le bearta buiséadacha (an Rialachán maidir le Coinníollacht, coinníollacha cumasúcháin cothrománacha faoi RFC nó sár-gharspriocanna faoi RRF). Ba cheart an cinneadh sin a dhoiciméadú go maith.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta.**

## Moladh 5 – Tuairisc ar bhonn bliantúil a thabhairt ar éifeachtacht na mbeart a rinneadh mar fhreagairt ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta

I ndiaidh a chéad tuarascála in Eanáir 2024, ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil a dhréachtú ar chur i bhfeidhm na n-uirlisí éagsúla atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí do leasanna airgeadais an Aontais agus ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcoinne sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit. D'fhéadfaí an tuairisciú sin a nascadh leis an Tuarascáil bhliantúil ar an Smacht Reachta, ach níor cheart é a bheith mar chuid di.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: go bliantúil ó 2025.**

## Moladh 6 – Feabhas a chur ar chreat an smachta reachta chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a neartú nuair a bheidh tograí reachtacha á n-ullmhú amach anseo

Ba cheart don Choimisiún tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar bhearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus a bhaineann an bonn ó éifeachtacht chreat an smachta reachta. Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú sin cad iad na rioscaí atá sainaitheanta sa tuarascáil seo (amhail an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag fionraíochtaí ar bhaint amach chuspóirí beartais sonracha an Aontais, agus coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna nach gclúdaíonn codanna ábhartha eile den bhuiséad) agus cad é an taithí a bheidh bainte amach sna blianta atá le teacht. Agus an creat rialála tar éis 2027 á ullmhú, ba cheart don Choimisiún bearta cosanta breise a mholadh atá bunaithe ar aon saincheisteanna a shainítear faoin bpointe sin.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: faoi 2027 ar a dhéanaí (i bhfianaise na n-ullmhúchán don chreat airgeadais ilbhliantúil nua).**

Ghlac Seomra II, faoi cheannas Annemie Turtelboom, Comhalta den Chúirt Iniúchóirí, an tuarascáil seo i Lucsamburg ag cruinniú a bhí aige an 10 Eanáir 2024.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*Uachtarán*

# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn I – Samplaí d'uirlisí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar staid an smachta reachta ag an mBanc Domhanda agus ag an Tionscadal Domhanda um Cheartas

Tá Innéacs an Smachta Reachta de chuid an Bhainc Dhomhanda, ar an gcaoi chéanna leis an Innéacs um Rialú Éillithe, ina gcuid de Tháscairí Rialachais Dhomhanda an Bhainc Dhomhanda lena dtomhaistear gnéithe éagsúla d'fheidhmíocht rialachais. Áirítear leis an innéacs seo roinnt táscairí, lena dtomhaistear a mhéid atá muinín ag gníomhairí as rialacha na sochaí agus a mhéid a gcloíonn siad leo. Áirítear orthu sin tuairimí maidir le minicíocht na coireachta, éifeachtacht agus intuarthacht na mbreithiúna, agus in-fhorfheidhmitheacht conarthaí.

### An Banc Domhanda — Innéacs an Smachta Reachta in WGI (íosmhéid - 2.5; uasmhéid + 2.5)




*Foinse:* An Banc Domhanda: https://info.worldbank.org/governance/wgi/

Beart eile is ea Innéacs Rialaithe Éillithe an Bhainc Dhomhanda, ina léirítear braistintí ar a mhéid a fheidhmítear cumhacht phoiblí ar mhaithe le gnóthachan príobháideach, lena n-áirítear mionchineálacha agus mórchineálacha éillithe, chomh maith le róthionchar ag scothaicmí agus leasanna príobháideacha ar ghnóthaí an stáit.

## An Banc Domhanda – Innéacs Éillithe in WGI 2013-2021 (íosmhéid - 2.5; uasmhéid + 2.5)




*Foinse:* An Banc Domhanda: https://info.worldbank.org/governance/wgi/

Déanann **Innéacs an Smachta Reachta de chuid an Tionscadail Dhomhanda um Cheartas** an smacht reachta a thomhas bunaithe ar thaithí agus ar thuairimí an phobail i gcoitinne agus ar thuairimí ó chleachtóirí dlí agus saineolaithe ar fud an domhain. Déantar feidhmíocht tíre a thomhas trí úsáid a bhaint as 44 tháscaire, a chlúdaíonn raon leathan réimsí amhail ceartas sibhialta agus coiriúil, cearta bunúsacha, srianta cumhachta rialtais, forfheidhmiú rialála, nó easpa éillithe.

## WJP – Innéacs an Smachta Reachta 2013-2022 (íosmhéid 0.0; uasmhéid 1.0




*Foinse:* Tionscadal Domhanda um Cheartas; https://worldjusticeproject.org/our-work/research-and-data/wjp-rule-law-index-2021/current-historical-data

## Iarscríbhinn II – Príomhchéimeanna i gcur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht

| | Céimeanna / spriocdhátaí | |
|---|---|---|
| Airteagail 3 agus 4 | (1) Sainaithníonn an Coimisiún sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta. | |
| | (2) Déanann an Coimisiún measúnú féachaint an ndéanann sáruithe sainaitheanta ar phrionsabail an smachta reachta difear sách díreach do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do leasanna airgeadais an Aontais, nó an riosca tromchúiseach ann go ndéanfadh siad amhlaidh. | |
| Airteagail 5 agus 6 | (3) Seolann an Coimisiún fógra i scríbhinn chuig an mBallstát. | |
| | (4) Tugann an Ballstát freagra ar an bhfógra, lena n-áirítear ag insint cad iad bearta feabhais a d'fhéadfaí a dhéanamh. | 1-3 mhí |
| | (5) Déanann an Coimisiún anailís ar fhreagra an Bhallstáit. | 1 mhí |
| | (6) Más infheidhme, déanann an Coimisiún measúnú ar chomhréireacht na mbeart buiséadach i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6. | |
| | (7) Más infheidhme, cuireann an Coimisiún an Ballstát ar an eolas faoi chonclúidí agus faoi bhearta buiséadacha atá beartaithe. | |
| | (8) Tugann an Ballstát freagra ar anailís an Choimisiúin agus ar na bearta buiséadacha atá beartaithe. | 1 mhí |
| | (9) Más gá, molann an Coimisiún bearta cosanta don Chomhairle. | 1 mhí |
| | (10) Déanann an Chomhairle an togra ón gCoimisiún a ghlacadh/a mhodhnú. | 1-3 mhí |
| Airteagal 7 | (11) Cuireann an Ballstát an Coimisiún ar an eolas nach bhfuil na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht á gcomhlíonadh a thuilleadh agus iarrann sé go gcuirfear deireadh le bearta buiséadacha. | |
| | (12) Déanann an Coimisiún measúnú agus, más iomchuí, molann sé bearta buiséadacha a bhaint nó a oiriúnú bliain amháin ar a dhéanaí tar éis a nglactha. | |
| | (13) Glacann an Chomhairle cinneadh chun deireadh a chur le bearta. | |

*Foinse:* CIE.

# Iarscríbhinn III – Tagarmharcanna an tSásra Comhair agus Fíorúcháin agus garspriocanna gaolmhara i RRPanna na Bulgáire agus na Rómáine

Sa chéad cholún den tábla anseo thíos, leagtar amach tagarmharcanna an tSásra Comhair agus Fíorúcháin don Bhulgáir, faoi mar a glacadh iad i gCinneadh 2006/929/CE ón gCoimisiún. Sa dara colún, tá liosta táscach de gharspriocanna agus de spriocanna faoin RRP don Bhulgáir a mheasaimid a bheith ábhartha do na sé thagarmharc sa Sásra Comhair agus Fíorúcháin.

## An Bhulgáir

| | Tagarmharcanna an tSásra Comhair agus Fíorúcháin | Garspriocanna agus spriocanna ábhartha RRP |
|---|---|---|
| 1 | Leasuithe ar an mBunreacht a ghlacadh a chuirfidh deireadh le haon débhríocht maidir le neamhspleáchas agus cuntasacht an chórais bhreithiúnaigh. | C10.R2-219: Frith-éilliú – Feabhas a chur ar ról na Cigireachta laistigh den Ardchomhairle Bhreithiúnach maidir le héilliú sa bhreithiúnacht a chosc agus gníomhú ina choinne (R4 2022). |
| 2 | A chinntiú go bhfuil próiseas breithiúnach níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla ann trí ghníomh nua maidir leis an gcóras breithiúnach agus an cód nua nós imeachta sibhialta a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Tuairisc a thabhairt ar thionchar na ndlíthe nua sin agus ar na cóid nós imeachta pheannaidigh agus riaracháin, go háirithe ar an gcéim réamhthrialach. | Maidir le faireachán – Ceithre anailís bhliantúla a fhoilsiú ar chur i bhfeidhm rialacha r-Cheartais i gCód an Nós Imeachta Shibhialta agus i gCód an Nós Imeachta Choiriúil, agus<br>3.3.6 - 3.3.7. Struchtúr Faireacháin agus Tuairiscithe (MRS). |
| 3 | Leanúint den athchóiriú ar an mbreithiúnacht d'fhonn gairmiúlacht, cuntasacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú. Meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an athchóirithe seo agus na torthaí a fhoilsiú gach bliain. | C10.R2-219: Frith-éilliú – Feabhas a chur ar ról na Cigireachta laistigh den Ardchomhairle Bhreithiúnach maidir le héilliú sa bhreithiúnacht a chosc agus gníomhú ina choinne (R4 2022). |

| | Tagarmharcanna an tSásra Comhair agus Fíorúcháin | Garspriocanna agus spriocanna ábhartha RRP |
|---|---|---|
| 4 | Imscrúduithe gairmiúla neamhpháirtíneacha a dhéanamh ar líomhaintí maidir le héilliú ardleibhéil agus tuairisc a thabhairt orthu. Tuairisc a thabhairt ar chigireachtaí inmheánacha ar institiúidí poiblí agus ar fhoilsiú sócmhainní oifigeach ardleibhéil. | C10.R2-218: Frith-éilliú – Teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha lena n-athchóirítear an Coimisiún um Fhrith-éilliú agus um Forghéilleadh Sócmhainní Neamhdhleathacha (garspriocanna gaolmhara: 220; 221) (R3 2022).<br><br>C10.R2-221: Frith-éilliú – Teacht i bhfeidhm an ardáin leictreonaigh, agus na leasuithe reachtacha chuige sin, chun comhlachtaí agus aonaid frith-éillithe a neartú (R2 2023).<br><br>C10.R2-222: Frith-éilliú – Teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha chun éifeachtacht imeachtaí coiriúla a choimirciú agus feabhas a chur ar chuntasacht agus dliteanas coiriúil an Ard-Ionchúisitheora (R2 2023).<br><br>C10.R2-223: Frith-éilliú – Teacht i bhfeidhm beart reachtach lena rialaítear gníomhaíochtaí brústocaireachta (R4 2023). |
| 5 | Bearta breise a dhéanamh chun an t-éilliú a chosc agus a chomhrac, go háirithe ag na teorainneacha agus laistigh den rialtas áitiúil. | 226 — Anailísí bliantúla ar chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta um Éilliú a Chosc agus a Chomhrac. |
| 6 | Straitéis a chur chun feidhme chun an choireacht eagraithe a chomhrac, ag díriú ar choireacht thromchúiseach, ar sciúradh airgid agus ar choigistiú córasach sócmhainní coirpeach. Tuairisc a thabhairt ar imscrúduithe, díotálacha agus ciontuithe nua agus leanúnacha sna réimsí sin. | 218 – Frith-éilliú – Teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha lena n-athchóirítear an Coimisiún um Fhrith-éilliú agus um Forghéilleadh Sócmhainní Neamhdhleathacha (garspriocanna gaolmhara: 220;.221).<br><br>238 – Plean gníomhaíochta chun na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a sainaithníodh sa mheasúnú riosca náisiúnta a mhaolú (spriocdháta R3 2021). |

Sa chéad cholún den tábla anseo thíos, leagtar amach tagarmharcanna an tSásra Comhair agus Fíorúcháin don Rómáin, faoi mar a glacadh i gCinneadh 2006/928/CE ón gCoimisiún. Sa dara colún tá liosta táscach de gharspriocanna agus de spriocanna faoin RRP don Rómáin a mheasaimid a bheith ábhartha do na ceithre thagarmharc atá sa Sásra Comhair agus Fíorúcháin.

## An Rómáin

| | Tagarmharcanna an tSásra Comhair agus Fíorúcháin | Garspriocanna agus spriocanna ábhartha RRP |
|---|---|---|
| 1 | A chinntiú go bhfuil próiseas breithiúnach níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla ann, go háirithe trí fheabhas a chur ar acmhainneacht agus ar chuntasacht na hUaschomhairle Giúistíseachta. Tuairisciú a thabhairt agus faireachán a dhéanamh ar thionchar na gcód nua um nósanna imeachta sibhialta agus peannaideacha. | C14.R5, -423: Teacht i bhfeidhm na ‘ndlithe ceartais’ (dlíthe maidir le stádas giúistísí, eagraíochtaí breithiúnacha, Uaschomhairle na Giúistíseachta) (R2 2023).<br><br>C14.R6-424: Leasú ar an gCód Coiriúil agus ar an gCód Nós Imeachta Coiriúil (R4 2022). |
| 2 | Gníomhaireacht ionracais a bhunú, mar a fhoráiltear dó, a mbeidh freagrachtaí uirthi chun sócmhainní, neamh-chomhoiriúnachtaí agus coinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh a bheith ann a fhíorú, agus chun cinntí éigeantacha a eisiúint ar féidir smachtbhannaí athchomhairleacha a ghlacadh ar a mbonn. | RO-C[C14]-R[R7.0]-M[431]. Meastóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir leis an gcreat sláine –Teacht i bhfeidhm na ndlíthe comhdhlúite maidir le sláine. |
| 3 | Ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana, leanúint d’imscrúduithe gairmiúla neamhpháirtíneacha a dhéanamh ar líomhaintí maidir le héilliú ardleibhéil. | C14.R6-426: Teacht i bhfeidhm an chinnidh rialtais lena bhformheastar an Straitéis Náisiúnta Frith-Éillithe nua (R4 2021).<br><br>C14.R6-428: 70 % ar a laghad de na bearta dá bhforáiltear sa straitéis nua frith-éillithe (R4 2025) a thabhairt i gcrích.<br><br>C14.R6-430: Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le cosaint do sceithirí (R1 2022). |

| | Tagarmharcanna an tSásra Comhair agus Fíorúcháin | Garspriocanna agus spriocanna ábhartha RRP |
|---|---|---|
| 4 | Bearta breise a dhéanamh chun an t-éilliú a chosc agus a chomhrac, go háirithe laistigh den rialtas áitiúil. | M 426: Teacht i bhfeidhm an chinnidh rialtais lena bhformheastar an Straitéis Náisiúnta Frith-Éillithe nua (R4 2021).<br><br>Sprioc (S) 428: 70 % ar a laghad de na bearta dá bhforáiltear sa straitéis nua frith-éillithe (R4 2025) a thabhairt i gcrích.<br><br>M 430: Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le cosaint do sceithirí (R1 2022).<br><br>Sprioc 429 Ráta forghabhála 85 % de phoist ionchúisitheora na Stiúrthóireachta Náisiúnta Frith-Éillithe (R2 2023).<br><br>Sprioc 446 An bonneagar lóistíochta (neamh-TF) is gá a fhorbairt chun an t-éilliú a chomhrac agus na fáltais agus an damáiste ón gcoireacht a ghnóthú, lena n-áirítear oiliúint sna réimsí sin – Stórais chun maoin urghafa a stóráil a chur i mbun oibríochta (R3 2025). |

## Iarscríbhinn IV – Rialachán na bhForálacha Coiteanna i gcás ocht gciste de chuid an Aontais

### Forbhreathnú ar Rialachán na bhForálacha Coiteanna

<table>
<tr><th>Gné</th><th colspan="2">Tuairisc</th></tr>
<tr><td>Scóip airgeadais</td><td colspan="2">Buiséad iomlán na n-ocht gciste do 2021-2027 ag praghsanna 2022: €405.1 mbilliún:<br>o Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), seachas cláir INTERREG: €226 bhilliún;<br>o Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+): €98.5 billiún;<br>o an Ciste Comhtháthaithe: €48 mbilliún;<br>o An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC): €8.4 billiún;<br>o An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID): €6.11 billiún;<br>o An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF): €9.88 billiún;<br>o An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF): €1.93 billiún;<br>o An Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (BMVI): €6.25 billiún.</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Gníomhaithe</td><td>Ballstát an Aontais</td><td>Agus an clár oibríochtúil á ullmhú, déanann sé féinmheasúnú ar chomhlíonadh an choinníll cumasúcháin chothrománaigh maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme an chláir sin.</td></tr>
<tr><td>An Coimisiún</td><td>Déanann sé measúnú ar fhéinmheasúnú na mBallstát agus formheasann sé clár.</td></tr>
<tr><td>Ballstát an Aontais</td><td>Déanann sé an clár a chur chun feidhme agus iarrann sé aisíocaíocht ar chaiteachas, a íoctar má chomhlíontar na coinníollacha cumasúcháin.</td></tr>
<tr><td>An Coimisiún</td><td>Déanann sé measúnú ar iarraidh ar íocaíocht agus fiosraíonn sé ar comhlíonadh coinníollacha cumasúcháin.</td></tr>
<tr><td>Coinníollacha maidir le bearta a chur i bhfeidhm</td><td colspan="2">Easpa sásraí éifeachtacha chun a áirithiú go gcomhlíonfar an coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcur chun feidhme an Chiste.</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>Gné</th><th>Tuairisc</th></tr>
<tr><td>Bearta</td><td>Ní dhearnadh aon aisíocaíocht ar chaiteachas cé is moite de chúnamh teicniúil agus caiteachas a chuireann leis an gcoinníoll cumasúcháin a chomhlíonadh.</td></tr>
<tr><td>Tráthúlacht na mbeart</td><td>Le linn chur chun feidhme an chláir.</td></tr>
<tr><td>Cur i bhfeidhm na mbeart amhail i lár mhí na Nollag 2023 do na sé thír inár sampla</td><td>
<table>
<tr><td>An Bhulgáir</td><td>Neamhbhainteach.</td></tr>
<tr><td>An Ghréig</td><td>Neamhbhainteach.</td></tr>
<tr><td>An Ungáir</td><td>Cláir RFC glactha; mar sin féin, ós rud é go meastar nach bhfuil roinnt coinníollacha cumasúcháin cothrománacha agus téamacha comhlíonta, cuirtear bac ar mhéid iomlán de €11.7 billiún (mar atá measta ag an gCoimisiún) le haghaidh aisíocaíochta faoi RFC agus faoin Rialachán maidir le Coinníollacht (féach Fíor 3).</td></tr>
<tr><td colspan="2">
<table>
<tr><th>An Ungáir</th><th colspan="8">I mbilliún euro</th></tr>
<tr><td>CFRE</td><td>6.56</td><td>CSE+</td><td>3.55</td><td>CC</td><td>1.40</td><td>CUAC</td><td>0.14</td></tr>
<tr><td>CEMID</td><td>0</td><td>AMIF</td><td>0.03</td><td>BMVI</td><td>0</td><td>ISF</td><td>0</td></tr>
<tr><td>Iomlán</td><td colspan="7">11.68</td></tr>
</table>
</td></tr>
<tr><td>An Iodáil</td><td>Neamhbhainteach.</td></tr>
<tr><td>An Pholainn</td><td>Cláir RFC glactha; luaitear sna cinntí, áfach, nach bhfuil an tríú coinníoll cumasúcháin cothrománach comhlíonta. Mar thoradh air sin, cuirtear bac ar aisíocaíocht caiteachais faoi chistí RFC do mhéid iomlán de €74.1 billiún (mar atá measta ag an gCoimisiún).</td></tr>
<tr><td colspan="2">
<table>
<tr><th>An Pholainn</th><th colspan="8">I mbilliún euro</th></tr>
<tr><td>CFRE</td><td>45.80</td><td>CSE+</td><td>12.40</td><td>CC</td><td>11.30</td><td>CUAC</td><td>3.70</td></tr>
<tr><td>CEMID</td><td>0.48</td><td>AMIF</td><td>0.24</td><td>BMVI</td><td>0.16</td><td>ISF</td><td>0.07</td></tr>
<tr><td>Iomlán</td><td colspan="7">74.15</td></tr>
</table>
</td></tr>
<tr><td>An Rómáin</td><td>Neamhbhainteach.</td></tr>
</table>
</td></tr>
<tr><td>Deireadh a chur leis na bearta</td><td>Cuirfear deireadh leis na bearta a luaithe a thagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an Ballstát lena mbaineann i gcomhréir le coinníoll cumasúcháin cothrománach 3.</td></tr>
</table>

# Iarscríbhinn V – Forléargas ar chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht le haghaidh na hUngáire

## An Rialachán maidir le Coinníollacht

| Cur síos |
| --- |
| **Cur i bhfeidhm na mbeart amhail i lár mhí na Nollag 2023**<br><br>Dhá bheart bhuiséadacha (Airteagal 5) a mhol an Coimisiún agus a d'fhorchuir an Chomhairle ar an Ungáir.<br><br>(1) Fionraí 55 % de na gealltanais bhuiséadacha faoi na cláir oibríochtúla seo a leanas sa Bheartas Comhtháthaithe, a luaithe a fhormheasfar iad:<br><br>(a) Clár Oibríochtúil um an gComhshaol agus um Éifeachtúlacht Fuinnimh Plus<br>55 % de €3.666 billiún = €2.016 billiún de chistiú an Aontais curtha ar fionraí.<br><br>(b) Clár Oibríochtúil um Iompar Comhtháite Plus<br>55 % de €3.546 billiún = €1.950 billiún de chistiú an Aontais curtha ar fionraí.<br><br>(c) Clár Oibríochtúil um Fhorbairt Chríochach agus Lonnaíochta Plus<br>55 % de €4.354 billiún = €2.395 billiún de chistiú an Aontais curtha ar fionraí.<br><br>Cistí iomlána an Aontais curtha ar fionraí ar fud na dtrí chlár: €6.361 billiún (lena n-áirítear thart ar €2.0 billiún atá blocáilte le haghaidh aisíocaíochtaí faoi fhorálacha RFC. Féach ***Fíor 3***).<br><br>(2) Toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla a dhéanamh le haon iontaobhas leasa phoiblí a bhunaítear ar bhonn Ghníomh IX na hUngáire 2021 nó le haon eintiteas atá á chothabháil ag iontaobhas leasa phoiblí den sórt sin, i gcás ina gcuireann an Coimisiún buiséad an Aontais chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach de bhun Airteagal 62(1), pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.<br><br>Ós rud é nach bhfuil an toirmeasc spriocdhírithe ar fhoinse chistiúcháin ach gur ar gcineál eintitis a d'fhéadfaí a chistiú trí aon fhoinse atá sé spriocdhírithe, ní féidir meastachán a dhéanamh ar a thionchar airgeadais. |
| **Deireadh a chur leis na bearta**<br><br>Bearta buiséadacha faoi Airteagal 5: níl aon sprioc-am ann chun deireadh a chur leis na bearta buiséadacha; déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar an staid san Ungáir, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Ungáir, bliain amháin ar a dhéanaí tar éis don Chomhairle bearta a ghlacadh.<br><br>I gcás na hUngáire, ghlac an Chomhairle na bearta buiséadacha an 15 Nollaig 2022 agus mar sin ní mór don Choimisiún an t-athmheasúnú a thabhairt chun críche faoin 15 Nollaig 2023. |

**Cur síos**

Mhol an Ungáir na 17 mbeart feabhais seo a leanas (Airteagal 6(9)):

(1) Cosc, brath agus ceartú neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí a bhaineann le cur chun feidhme chistí an Aontais a neartú trí Údarás Ionracais nuabhunaithe;

(2) Tascfhórsa Frith-Éillithe a chur ar bun;

(3) An creat frith-éillithe a neartú;

(4) Trédhearcacht a áirithiú maidir le húsáid thacaíocht AE ag fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí;

(5) Nós imeachta sonrach a thabhairt isteach maidir le coireanna speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó le bainistiú maoine poiblí;

(6) Sásraí iniúchóireachta agus rialaithe a neartú chun úsáid fhónta thacaíocht AE a ráthú;

(7) Sciar na nósanna imeachta tairisceana le tairiscintí aonair atá maoinithe ag cistí an Aontais a laghdú;

(8) Sciar na nósanna imeachta tairisceana le tairiscintí aonair atá maoinithe ag an mbuiséad náisiúnta a laghdú;

(9) Uirlis tuairiscithe tairisceana aonair a fhorbairt chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar nósanna imeachta soláthair phoiblí a dhúntar le tairiscintí aonair;

(10) Córas um Sholáthar Poiblí Leictreonach a fhorbairt chun trédhearcacht a mhéadú;

(11) Creat tomhais feidhmíochta a fhorbairt a dhéanfaidh measúnú ar éifeachtúlacht agus ar chost-éifeachtacht an tsoláthair phoiblí;

(12) Plean gníomhaíochta a ghlacadh chun an leibhéal iomaíochta sa soláthar poiblí a mhéadú;

(13) Oiliúint a chur ar fáil do mhicrifhiontair, d’fhiontair bheaga agus d’fhiontair mheánmhéide maidir le cleachtais soláthair phoiblí;

(14) Scéim tacaíochta a chur ar bun chun micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a chúiteamh as na costais a bhaineann le páirt a ghlacadh sa soláthar poiblí;

(15) Úsáid ARACHNE, uirlis scórála riosca an Choimisiúin;

(16) An comhar le OLAF a neartú;

(17) Gníomh reachtach a ghlacadh chun trédhearcacht sa chaiteachas poiblí a fheabhsú.

# Giorrúcháin

**CAE:** An Conradh ar an Aontas Eorpach

**CFAE:** Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

**RFC:** Rialachán na bhForálacha Coiteanna

**RRF:** An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

**RRP:** Plean téarnaimh agus athléimneachta

# Gluais

**Acmhainní dílse:** Na cistí a úsáidtear chun buiséad an Aontais a mhaoiniú, agus an chuid is mó acu ag teacht ó ranníocaíochtaí Ballstát.

**An Rialachán Airgeadais:** Na rialacháin a rialaíonn cén chaoi a leagtar amach agus a n-úsáidtear buiséad AE, chomh maith leis na próisis ghaolmhara amhail rialú inmheánach, tuairisciú, iniúchóireacht agus urscaoileadh.

**An Rialachán maidir le Coinníollacht:** Rialachán lena leagtar amach rialacha chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit.

**An Seimeastar Eorpach:** Timthriall bliantúil a chuireann creat ar fáil maidir le comhordú bheartais eacnamaíocha Bhallstáit an Aontais agus maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn.

**An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta:** An sásra atá ag an Aontas le haghaidh tacaíocht airgeadais a thabhairt chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú, agus téarnamh a spreagadh, agus an claochlú glas agus digiteach a chur chun cinn freisin.

**Beartas comhtháthaithe:** Beartas an Aontais Eorpaigh arb é is aidhm dó éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta idir réigiúin agus Ballstáit a laghdú trí chruthú post, iomaíochas gnó, fás eacnamaíoch, forbairt inbhuanaithe agus comhar trasteorann agus idir-réigiúnach a chur chun cinn.

**Bosca uirlisí an Aontais maidir leis an Smacht Reachta:** Tacar uirlisí chun an smacht reachta a chur chun cinn agus a chaomhnú san Aontas agus ina Bhallstáit.

**Calaois:** Meabhlaireacht intinneach agus neamhdhleathach a dhéanamh chun buntáiste ábharthach a ghnóthú trí mhaoin nó airgead a choinneáil ó pháirtí eile.

**Cistí an bheartais comhtháthaithe:** Na ceithre ciste de chuid an Aontais a thacaíonn le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach ar fud an Aontais i dtréimhse 2021-2027: Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste um Aistriú Cóir.

**Clár:** An bealach a ndéantar cuspóirí beartais sonracha atá ag an Aontas a thabhairt i gcrích, go hiondúil trí thionscadail chómhaoinithe.

**Coinníollacha cumasúcháin cothrománacha:** Ceithre réamhriachtanas le haghaidh cistiú is infheidhme ar fud chistí uile an Aontais a chlúdaítear le Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

**Éilliú:** I gcomhthéacs na tuarascála seo, iompar d'aon ghnó ag oifigeach poiblí a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais.

**Garsprioc rialaithe:** Ceanglas sonrach, a bhaineann le córais iniúchóireachta agus rialaithe Ballstáit, nach mór a chomhlíonadh sular féidir leis an tír aon chistiú RRF a fháil (Airteagal 22 Rialachán RRF). Tugtar '**sár-gharsprioc**' air freisin.

**Garsprioc:** Baint amach cáilíochtúil maidir leis an mbealach chun athchóiriú nó infheistíocht a chur i gcrích, mar réamhriachtanas d'íocaíocht shonrach RRF.

**NextGenerationEU:** Pacáiste cistithe chun cabhrú le Ballstáit an Aontais téarnamh ón tionchar eacnamaíoch agus sóisialta atá ag paindéim COVID-19.

**Nós imeachta maidir le sárú:** Nós imeachta trína dtionscnaíonn an Coimisiún caingean in aghaidh Ballstát den Aontas nach gcomhlíonann a chuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais.

**Pleananna téarnaimh agus athléimneachta:** Doiciméad ina leagtar amach na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe ag Ballstát faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

**Rialachán na bhForálacha Coiteanna:** Rialachán lena leagtar amach na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le hocht gciste de chuid an Aontais, lena n-áirítear na ceithre chiste faoin mbeartas comhtháthaithe. Tá an tréimhse 2021-2027 clúdaithe leis an Rialachán atá ann faoi láthair.

**Sár-gharsprioc:** Ceanglas sonrach, a bhaineann le córais iniúchóireachta agus rialaithe Ballstáit, nach mór a chomhlíonadh sular féidir leis an tír aon chistiú RRF a fháil (Airteagal 22 Rialachán RRF). Tugtar '**garsprioc rialaithe**' air freisin.

**Soláthar poiblí:** Oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a bheith á gceannach ag comhlacht poiblí nó údarás eile trí nós imeachta oscailte agus iomaíoch, chun cáilíocht agus luach ar airgead a bhaint amach.

**Sprioc:** Tomhas cainníochtúil ar dhul chun cinn Ballstáit i dtreo athchóiriú sonrach nó infheistíocht ina phlean téarnaimh agus athléimneachta a thabhairt chun críche.

# Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-03

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-03

# An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na tascanna iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta II – Infheistíocht sa Chomhtháthú, san Fhás agus sa Chuimsiú, atá faoi cheannas Annemie Turtelboom (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Annemie Turtelboom (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Eric Braucourt (Ceann na hOifige Príobháidí), Celil Ishik (Ataisé na hOifige Príobháidí), Friedemann Zippel (Príomhbhainisteoir), Dieter Böckem (Ceann Cúraim), Aleksander Latinov (Leas-cheann Cúraim), Jussi Bright, Marton Baranyi agus Plamen Petrov (Iniúchóirí) agus Rebecca Tronci, Heidi Rand agus Abel Ferrero Tazza (Oiliúnaithe).



*Ó chlé go deas:* Rebecca Tronci, Jussi Bright, Aleksandar Latinov, Marton Baranyi, Dieter Böckem, Annemie Turtelboom, Eric Braucourt, Friedemann Zippel, Celil Ishik, Heidi Rand.

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2024

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d’fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D’fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN 978-92-849-1541-5 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/686466 | QJ-AB-24-002-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-1540-8 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/60275 | QJ-AB-24-002-GA-N |

Tá an smacht reachta ar cheann de bhunluachanna coiteanna an Aontais. Tá an staid imithe in olcas i roinnt Ballstát le deich mbliana anuas. Ghlac an tAontas ionstraim nua i Nollaig 2020 chun a leasanna airgeadais in aghaidh sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i dtíortha an Aontais a chosaint: an Rialachán maidir le Coinníollacht.

Rinneamar measúnú féachaint an raibh cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht ag an gCoimisiún iomchuí agus comhsheasmhach le sásraí eile atá ar fáil faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2021-2027 a mhéid a bhaineann leis an mbeartas comhtháthaithe. Rinneamar scrúdú ar shocruithe inmheánacha an Choimisiúin chun an rialachán a chur chun feidhme, agus na gníomhaíochtaí a rinne sé chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint faoi na trí ionstraim.

Thángamar ar an gconclúid gurb amhlaidh, in éineacht le forálacha speisialta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna maidir leis an mbeartas comhtháthaithe, gur feabhsúchán atá sa Rialachán maidir le Coinníollacht ó thaobh leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta, agus go raibh na bearta a rinneadh go dtí seo do thír amháin ag teacht leis an Rialachán. Mar sin féin, shainaithníomar gnéithe áirithe den Rialachán freisin atá deacair a chur i bhfeidhm agus sainaithníodh roinnt rioscaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint go mór ó éifeachtacht na mbeart a rinneadh. Tá ár moltaí dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na hábhair sin chun éifeachtacht an chreata a neartú.

Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors